# An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

## Tuarascáil Bhliantúil 2017

# Tuarascáil Bhliantúil | 2017

An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
Department of Public Expenditure and Reform

# Clár Ábhair

**Achoimre Fheidhmeach** .......... 4
**1. Caiteachas Poiblí a Bhainistiú** .......... 8
**1. Bainistíocht Airgeadais agus Beartais Earnála** .......... 11
**2. Breatimeacht agus Comhoibriú Idirnáisiúnta** .......... 14
**3. Caidreamh Tionsclaíoch, Pá agus Pinsin na Seirbhíse Poiblí** .......... 16
**4. Athnuachan na Státseirbhíse** .......... 19
**5. Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí** .......... 25
**6. Rialtas Digiteach** .......... 29
**7. Soláthar Poiblí** .......... 33
**8. Seirbhísí Comhroinnte** .......... 36
**9. Ag Tacú lenár mBaill Foirne le Cuidiú leo a Misean a Bhaint Amach** .......... 37

# Achoimre Fheidhmeach

## Caiteachas Poiblí a Bhainistiú

In 2017 lean Éire ag feidhmiú faoi géag choisctheach an Chomhaontaithe Cobhsaíochta agus Fáis. I Mi Mheithimh, i gcomhar leis an Roinn Airgeadais, d'eagraigh an Roinn An Comhphlé Náisiúnta ar an gGeilleagar, chun plé oscailte agus cuimsitheach a éascú ar na tosaíochtaí iomaíocha geilleagracha agus sóisialta roimh an gCáinaisnéis. I Mí Iúil, rinne an Roinn i gcomhar leis an Roinn Airgeadais Ráiteas ar an nGeilleagar sa Samhradh, a chomhfhoilsiú. Níos moille an mhí sin, d'fhoilsigh an Roinn anTuarascáil Chaiteachais Lár-Bhliana. Is mar phointe tosaigh atá an tuarascáil seo chun scrúdú a dhéanamh ar thosaíochtaí buiséid ag an Oireachtas agus leagtar amach ann teorainneacha bunlíne caiteachais.

In 2017, thionscain an Roinn an chéad cheann de Athbhreithnithe Caiteachais, ina gcuimseofar caiteachas iomlán an Rialtais thar thréimhse trí bliana go 2019. Bhain an tAthbhreithniú a rinneadh ar an gCaiteachas in Earrach 2017 le20 páipéar faoi leith caiteachaisa fhoilsiú a roghnaíodh chun réimsí straitéiseacha/tosaíochta caiteachais a chuirfidh le bonn láidir fianaise chun bonn eolais a chur le polasaí a cheapadh sa ghearrthréimse agus sa mheántréimhse. Leanadh ar aghaidh leis an obair chun

D'fhoilsigh an Roinn Tuarascáil Chaiteachais 2018ar Lá Buiséid (10 Deireadh Fómhair). Rinne sé maoirseacht ar ollchaiteachas reatha ag Ranna de beagnach €54 milliún in 2017, agus b'ionann sin agus méadú bliain ar bhliain de €2 billiún nó 4.2% thar tháirgeacht 2016 de bheagnach €51.8 billiún, a léirigh tiomantas an Rialtais chun soláthar seirbhísí poiblí a chaomhnú agus a fheabhsú. Bhainistigh an Roinn caiteachas Vótáilte de réir an méid a leagadh amach i dTuarascáil Chaiteachais 2017 agus d'oibrigh an Roinn freisin ar an fhaisnéis feidhmíochta a neartú sna Measúnaithe Leasaithe le haghaidh Toilleadh Seirbhísí Poiblí.

Rinne an Roinn maoirseacht ar ollchaiteachas reatha ag Ranna de beagnach €4.5 milliún in 2017, agus b'ionann sin agus méadú bliain ar bhliain de €300 billiún nó 7.7% thar tháirgeacht 2016 de bheagnach €4.2 billiún, mar chéad chéim i dtiomantas na Roinne chun leibhéal na hinfheistíochta sa chaipitil phoiblí a mhéadú go suntasach. Le linn 2017, áfach, tugadh faoi athbhreithniú ollmhór ar Phlean Caipitil 2015, a bhí mar bhonn eolais leis an leithdháileadh de €4.3 billiún sa bhreis i gcaiteachas caipitil i gCáinaisnéis 2018 don tréimhse 2018-2021. Rinne an Roinn dul chun cinn suntasach freisin in 2017 ar Phlean Forbartha Náisiúnta nua 10 mbliana a fhorbairt, a foilsíodh ina dhiaidh sin ar an 16 Feabhra 2018.

Lean an Roinn ar aghaidh ag obair le roinnt Rannóga Rialtais chun príomhcheisteanna polasaí caiteachais san earnáil a thacú agus a chur chun cinn, lena n-áirítear, mar shampla: Aonad Coisc agus Luath-Idirghábhála; Tithíocht agus Uisce; Gníomhaireacht ar an Aeráid; agus obair maidir leis Earnáil Chirt. Tá roinnt sonraí maidir leis seo leagtha amach sa tuarascáil.

## Breatimeacht agus Comhoibriú Idirnáisiúnta

Chuaigh an Roinn i ngleic go gníomhach leis na ceisteanna a thagann chun cinn mar thoradh ar an mBreatimeacht, agus thacaigh siad le Coiste na Comh-Aireachta agus leis an nGrúpa Idir-Rannach faoi réimse de réimsí beartais.

Thacaigh an Roinn le forbairt pholasaí an Aontais Eorpaigh sa Rialtas agus le Grúpa Oifigigh Shinsearacha an Aontais Eorpaigh, agus thacaigh sé le hobair na Comhairle Aireachta Thuaidh Theas (NSMC) agus leis na forais Thuaidh Theas a bunaíodh faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta.

## Polasaí Comhtháthaithe agus Cistí Struchtúracha

Lean an Roinn de mhaoirseacht a dhéanamh ar Chlár Cistí Struchtúracha an Aontais Eorpaigh (ERDF) 2014-2020 (Ar an meán is €44 milliún an méid atá faighte go dtí seo ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa) agus lean ar aghaidh freisin ar Chóras r-Chomhtháthú TFC a fhorbairt atá ina riachtanas rialála de chuid an Aontais Eorpaigh le haghaidh cistí ERDF, ESF agus FEAD. Chuir an Roinn le forbairt polasaí an AE freisin ar Pholasaí Comhtháthaithe iar 2020, lena n-áirítear páipéar ar sheasamh na hÉireann a fhorbairt agus a fhoilsiú.

## Caidreamh Tionsclaíoch, Pá sa tSeirbhís Phoiblí agus Pinsin

Príomhfhócas de chuid na Roinne sa bhliain 2017 ba ea Comhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí a idirphlé agus dul ar aghaidh le costas pá sa tseirbhís phoiblí agus an bille pinsin a bhainistiú ar bhonn inmharthana agus chun cúrsaí a choinneáil socair sa chaidreamh tionsclaíoch sa tseirbhís phoiblí.

D'fhoilsigh an Coimisiún um Pá na Seirbhíse Poiblí (PSPC) a chéad tuarascáil i mBealtaine 2017 agus thosaigh sé ar athbhreithniú a dhéanamh ar cheisteanna earcaíochta agus coinneála in earnálacha áirithe den tseirbhís phoiblí. Táthar ag dúil leis go bhfoilseofar an tuarascail seo faoi dheireadh 2018.

Áirítear le forbairtí suntasacha eile i 2017 ná dul chun cinn ar an Togra chun Scéim Aonair Phinsin sa tSeirbhís Phoiblí a riar, cuireadh athbhreithniú achtúireach ar dhliteanais phinsin sa tseirbhís phoiblí agus cheadaigh an Rialtas go n-ardófar an aois éigeantach scoir go 70 do na státseirbhísigh sin a earcaíodh roimh an 1 Aibreán 2004.

## Leasú sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí a chur chun cinn

### Athnuachan na Státseirbhíse

Chomhordaigh agus thiomáin an roinn cur i bhfeidhm Phlean Athnuachana na Státseirbhíse, a ndéanann Bord Bainistíochta na Státseirbhíse bainistíocht air agus foilsíodh a nTríú Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn i Meitheamh 2017. Tá cuid mhór de na Gníomhartha atá sa Phlean seo á gcur i bhfeidhm go díreach ag an Roinn agus tá sonraí ar an dul chun cinn a rinneadh leagtha amach i bpríomhchorp na Tuarascála Bliantúla. Áirítear leo siú: cumarsáid agus rannpháirtíocht sa Státseirbhís a mhéad chun cur i bhfeidhm an Phlean a thacú, tabhairt faoin Suirbhé um Rannpháirtíocht Fostaithe sa Státseirbhís agus Gradaim Bhliantúla Feabhais agus Nuálaíochta na Státseirbhíse; cumas chun bainistíocht tionscadal sa Státseirbhís a fheabhsú; agus Athbhreithniú píolotach ar Acmhainn Eagraíochtúil na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt a chur i gcrích.

### Acmhainní Daonna sa Státseirbhís

De réir an Plean um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí, lean an Roinn ar aghaidh in 2017 ag forbairt agus ag cur i bhfeidhm pholasaí Acmhainní Daonna na Státseirbhíse chun seirbhís phoiblí éifeachtach d'ardchaighdeán a sholáthar don stát. Bhí forbairt agus foilsiú Straitéis Daonna le haghaidh na Státseirbhíse mar bhonn leis seo. Is é is aidhm leis an Straitéis ná HR a chur chun cinn go straitéiseach ionas gur féidir leis trí thosaíocht a sholáthar; Bheith Rogha Fostóra, Fórsa Oibre na Todhchaí a Thógáil; agus Bainisteoirí a Chruthú, a Thógáil agus Luach a chur leo mar fhorbróirí daoine. Bhí roinnt tionscnamh nua ann in 2017 a thacaigh leis na cuspóirí seo ar nós Scéim Soghluaiseachta ar fud na Státseirbhíse a sheoladh; tionscnaimh a chur i bhfeidhm lena chinntiú go mbíonn cothromaíocht níos fearr ó thaobh inscne de sa Státseirbhís sa todhchaí, go háirithe ar leibhéil shinsearacha; Clár Ceannaireachta Feidhmiúcháin le haghaidh Príomhoifigigh a sheoladh mar chuid de thionscnaimh bhainistíochta agus OneLearning a bhunú chun foghlaim agus forbairt a sholáthar le haghaidh státseirbhísigh. Lean an tSeirbhís Chúnaimh d'Fhostaithe na Státseirbhíse ag tabhairt tacaíochta d'fhoireann agus chuir sláinte agus folláine fostaithe chun cinn ag an am céanna.

### Leasú sa tSeirbhís Phoiblí

D'fhoilsigh an Roinn Ár Seirbhís Phoiblí 2020 i Nollaig 2017, an creat nua le haghaidh forbartha agus nuálaíochta sa tSeirbhís Phoiblí. Díríonn an chéim nua seo de leasú sa tseirbhís phoiblí ar thacú le dul chun cinn inbhuanaithe, leantach sa tseirbhís phoiblí. Tá sé mar aidhm aige seirbhís phoiblí níos laidre a thógáil agus chun seirbhísí agus torthaí de chaighdeán níos fearr a sholáthar do phobal na hÉireann. Measúnú de chuid an OECD ar Phlean um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí a bhí mar bhonn eolais le *Ár Seirbhís Phoiblí 2020* a foilsíodh i mí Iúil 2017. Foilsíodh Tacar Cumarsáide do Chustaiméirí sa tSeirbhís Phoiblí i mí Mheithimh 2017. Fuarthas amach i Suirbhé Sástachta Ginearálta Custaiméirí na Státseirbhíse 2017, a foilsíodh in Aibreán 2017, go raibh leibhéil fhoriomlána sástachta le haghaidh sholáthar seirbhíse agus torthaí ar an leibhéal is airde a taifeadadh go dtí seo. Léirigh tuarascáil Treochtaí IPA san Earnáil Phoiblí 2017 go bhfuil Éire sa chéad áit in EU28 maidir leis an riarachán poiblí is gairmiúla agus is lú polaitithe san Eoraip.

Lean an Roinn ar aghaidh lena clár leasaithe dírithe ar rialtas oscailte, cuntasach agus eiticiúil a sholáthar. Tá an Bille um Chaighdeáin san Earnáil Phoiblí 2015á chur cinn tríd an Oireachtas agus tá obair faoi lán seoil ar an Bille um Roinnt agus Rialú Sonraíagus táthar ag dúil leis go bhfoilseofar é in 2018 Cuireadh an tAthbhreithniú ar an Acht um Brústocaireacht a Rialáili gcrích agus cuireadh tús le hathbhreithniú ar an Acht um Fhaisnéisniú faoi Chosaint 2014. Leanadh le cur i bhfeidhm an Tionscnaimh um Shonraí Oscailte agus Plean Náisiúnta Gníomhaíochta na Comhpháirtíochta Oscailte Rialtais 2016-2018 chomh maith le tacaíocht agus comhairle leantach a sholáthar maidir le cur i bhfeidhm na Reachtaíochta um Shaoráil Faisnéise chuig saoránaigh agus 600 grúpa sa tseirbhís phoiblí.

## Rialtas Digiteach

Glacann Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais (OPOFR) an cheannaireacht ar fheidhmiú Straitéis TFC na Seirbhíse Poiblí a thiomáint chun cinn, ag obair le Ranna agus gníomhaireachtaí eile ar fud na Seirbhíse Poiblígo háirithe ar fheidhmiú an Phlean Gníomhaíochta 18 gcéim a comhaontaíodh in 2016. Díríonn an Straitéis ar 5 phríomhchuspóir - Tógáil le Comhroinnt; Digiteach ar dTús; Sonraí mar Chumasóir; Rialachas a Fheabhsú; agus Cumas Méadaithe.

Áirítear le rudaí suntasacha áirithe a baineadh amach in 2017 ná réiteach príobháideach Néalraithe de chuid an Rialtais a chur chun finn; an cás gnó chun ionad sonraí um Sheirbhís Phoiblí a fhorbairt chun rioscaí a laghdú agus chun éilimh don todhchaí a shásamh; feidhmiú céimneach leantach agus forbairt seirbhísí atá ar fáil mar chuid den Sraith Chomónta Iarratais le n-úsáid ag gach Roinn; feidhmiú céimneach leantach de Líonraí Rialtais le n-úsáid ag Grúpaí sa tSeirbhís Phoiblí ar fud na tíre; obair le roinnt páirtithe leasmhara chun Infreastruchtúr Náisiúnta Bogearraí a chur chun cinn agus é beartaithe go nascfar sonraí ón iliomad foinsí; Straitéis um Proifisiúnú TFC Acmhainní Daonna TFC a forbairt le cuidiú leis an Státseirbhís seirbhísí éifeachtacha rialtais dhigitigh a sholáthar; agus rannpháirtíocht leantach le leibhéal an AE, lena n-áirítear Grúpa Oibre de chuid Chomhairle an AE ar Iomaíochas agus Fás maidir le Moladh de chuid an Aontais Eorpaigh le haghaidh Rialachais ar Thairseach Digiteach Aonair.

Ar a bharr sin, i ndiaidh don Rialtas Straitéis Ríomh-Rialtais 2017-2020 a cheadú, mar phríomhghníomhaíocht ag tiomáint a chur chun feidhme, d'oibrigh an OPOFR go dlúth leis An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí chun an líon a roghnaíonn MyGovID agus an Cárta um Sheirbhísí Poiblí a mhéadú, lena n-áirítear feachtas feasachta poiblí a fhorbairt; i gcomhar le hIonad Cumarsáidí Straitéiseacha an Rialtais, rinne an OPOFR athsheoladh ar thairseach seirbhísí digiteach an rialtais Gov.ie trínar soláthraíodh tairseach níos dírithe ar úsáideoirí agus a bhí níos iomasaí chui seirbhísí agus faisnéis an rialtais.

Leanann an OPOFR ar aghaidh ag soláthar seirbhísí TFC don Roinn, lena n-áirítear Oifig um Sholáthar Rialtais chomh maith leis an Roinn Airgeadais agus An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte.

## Soláthar Poiblí

Tá an Oifig um Sholáthar Rialtais (OGP) chun tosaigh maidir leis an gClár um Athchóiriú Soláthair a chur i bhfeidhm agus dá bhrí sin bíonn leibhéil mhéadaithe comhoibrithe agus comhsheasmhachta ann i soláthar na seirbhíse poiblí. Le linn na bliana, bunaigh sé 64 creat breise, 46 conradh shaincheaptha agus breis agus 868 mionchomórtas le cuidiú le comhlachtaí sa tseirbhís phoiblí earraí agus seirbhísí a fháil. Tá breis agus 135 creat ghníomhacha aige anois agus ó 2014 chuir sé i bhfeidhm 1,446 conradh/mionchomórtas arb ionann iad agus luach measta creata/conartha de €13.8 billiún agus caiteachas measta bliantúil de €3.7 billiún.

Thacaigh sé le straitéisí ardleibhéil soláthair agus conarthacha le haghaidh tionscadail ar fud an Rialtais, lena n-áirítear clár um bainistiú tuile OOP, oibreacha comhnaoithe agus oidhreachta OOP, tithíocht mhearthógtha, Ospidéal Náisiúnta na Leanaí, Feabhsúchán oibreacha cruach Haulbowline agus oibreacha uasghrádaithe ar Acomhal Dhún Citil. Sholáthraigh OSR freisin Geataí Uathoibreacha Rialála Teorann (i gcomhar leis an Roinn Cirt, Rialú Teorann agus Údarás Aerfoirt Bhaile Átha Cliath); mórchonradh seirbhísí dlíthiúla le haghaidh Tusla (22 beart); agus bhí baint aige le soláthar córais chomhroinnte phárolla don earnáil BOO agus don ardán um Fhoghlaim agus Forbairt sa Státseirbhís atá anois á meas. Soláthraíodh Creat chun seirbhísí móibíleacha gutha agus sonraí a chur ar fáil agus seolfar in 2018 iad.

Chuaigh an OSR i gcomhairle lena bpáirtithe leasmhara; d'fhoilsigh Treoirlínte Leasaithe Soláthair Ghinearálta le haghaidh Earraí agus Seirbhísí i Mí Iúil; chuir i gcrích aistriú treoracha an AE go dlí na hÉireann; mhéadaigh trédhearcacht sa soláthar poiblí agus d'fheabhasaigh ainilís ar shonraí tríd an Tuarascáil ar Chaiteachas agus Soláthar sa tSeirbhís Phoiblí a sheoladh; chuir chun cinn straitéis an Rialtais le haghaidh úsáid mhéadaithe a bhaint as teicneolaíocht dhigiteach chun tionscadail oibreacha poiblí a sholáthar atá á maoiniú tríd an gclár caipitil phoiblí; agus chuir chun cinn gairmiúlú an tsoláthair phoiblí sa tSeirbhís Phoiblí.

In 2017, bhain an OSR na duaiseanna um sholáthar náisiúnta don Phunann TFC a bhí mar Fhoireann Soláthair na Bliana 2017 agus don Tionscadal Soláthair is Fearr a bhain le Comhoibriú Seachtrach le haghaidh an tionscadail um Mhearthithíocht i gcomhar leis An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, LGMA agus Údaráis Áitiúla Mhórcheantar Átha Cliath.

## Seirbhísí Comhroinnte

Ritheadh an reachtaíocht chun é a bhunú mar Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (ONSC) faoi choimirce na Roinne in 2017 agus tháinig sé in éifeacht ar an 1 Eanáir 2018. In 2017, lean sé ar aghaidh ag soláthar seirbhísí comhroinnte pinsin, chuir chun cinn feidhmiú céimneach seirbhísí comhroinnt párolla agus chuir chun cinn an tionscadal chun seirbhísí comhroinnte bainisthe airgeadais a thabhairt isteach. Ba shuntasach gur aistríodh rannóga aitheanta cliant agus grúpaí seirbhíse poiblí chuig Ionad na Seirbhísí Comhroinnte Párolla, agus rud beag 125,000 an líon custaiméirí atá ann dá réir.

Chuir sé chun cinn freisin an tionscadal um Bainistiú Airgeadais na Seirbhísí Comhroinnte, gur ullmhaigh sé don chéad ghrúpa custaiméirí in 2018. Thacaigh an ONSC le príomhearnálacha de chuid na Seirbhíse Poiblí eadhon Oideachas, Sláinte agus Rialtas Áitiúil agus iad ag cur chun cinn a gcuid pleananna aonair maidir le seirbhísí comhroinnte.

## Ag tacú leis an bhFoireann a misean a bhaint amach

D'fhorbair Aonad Straitéise Roinn na nAcmhainní Daonna agus sholáthraigh Straitéis Acmhainní Daonna na Roinne agus chuir réimse leathan de sheirbhísí Acmhainní Daonna ar fáil d'fhoireann an Roinne. Bhainistigh sé leibhéil shuntasacha d'athnuachan foirne agus chuir deiseanna oiliúna agus forbartha ar fáil don fhoireann faoin Straitéis Foghlama agus Forbartha ONE HR 2015-2017.

Le linn 2017, chuir an Oifig Chorparáideach tacaíocht chorparáideach ar fáil don Ard-Rúnaí agus don Roinn go ginearálta, agus rinne comhordú ar fhorbairt Plean Gnó 2017 agus2018agus Tuarscáil Bhliantúil 2016 chomh maith lecur chuige an Rialtais maidir le rialachas, bainistíocht riosca agus comhlíonadh de, chomh maith le forbairt. Thacaigh sé leis an gCoiste Rialachais agus leis an mBord Bainistíochta san obair leantach atá ar bun acu chun monatóireacht a dhéanamh ar dhea-nósanna imeachta cleachtais sa Roinn agus chun iad a mhéadú. Áiríodh leis seo: polasaí inmheánach soláthair na Roinne a nuashonrú chun treoirlínte nua an OSR a léiriú; Creat Rialachais TFC a fhorbairt agus Creat Rialachais Corparáideach na Roinne a nuashonrú; agus polasaí bainistithe faisnéise na Roinne a chur chun cinn. Cuireadh Aonad Airgeadais nua ar bun chun socruithe airgeadais na Roinne a bhainistiú.

Lean an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí agus an Aontais Eorpaigh ag cur seirbhís iniúchóireachta inmheánaí ar fáil don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus don Roinn Airgeadais chun Plean Straitéiseach Iniúchóireachtaí Inmheánaí 2016-19 a chur i bhfeidhm.

### *Oifig an Phríomhoifigigh Leighis (CMO)*

Sholáthraigh an CMO seirbhís sláinte cheirde éifeachtúil agus cost-éifeachtúil chomh maith le comhairle polasaí ar ghnéithe a bhaineann le sláinte cheirde don Státseirbhís agus don tSeirbhís Phoiblí le linn 2017. Bhí baint mhór ag an CMO le nuashonrú a dhéanamh ar na próisis reatha saoire bhreoiteachta/pá tinnis chriticiúil/cumais, i dteannta le cúnamh reatha don Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát agus an Oifig um Sholáthair Rialtais.

# 1. Caiteachas Poiblí a Bhainistiú

## An Próiseas meastóireachta a bhainistiú

In 2017 lean Éire ag feidhmiú faoi géag choisctheach an Chomhaontaithe Cobhsaíochta agus Fáis, a bhí mar chuid de chomhthéacs foriomlán an phróisis bhainistithe chaiteachais. Lean an Roinn ar aghaidh de bheith ag dul i gcomhairle agus i mbun plé leis an Troika[1] ar cheisteanna caiteachais agus ghlac sé páirt i gcruinnithe foirméalta monatóireachta iar-chláir agus rinne idirbheartaíocht maidir le Ráitis dheiridh athbhreithnithe agus tuarascálacha lena chinntiú go gcuirfí tuairimí na hÉireann chun tosaigh agus go mbeadh na tuarascálacha de réir an phlé a tharla roimhe.

I Meán Fómhair d'fhoilsigh an Roinn an Tuarascáil Chaiteachais 2018, inar leagadh amach na mionsocruithe buiséid le haghaidh 2018 agus uaschaiteachas trí bliana na nAirí go dtí 2020. I Mí na Nollag 2018, d'fhoilsigh an Roinn an tImleabhar Meastachán Athbhreithnithe inar leagadh amach mionleithdháileadh cáiteachais 2018. In Imleabhar Meastachán Athbhreithnithe 2018 tá eolas feidhmíochta le haghaidh gach Vóta ina leagtar amach na príomhsheirbhísí agus na príomhghníomhaíochtaí atá maoinithe ag acmhainní poiblí agus na beartais ard-leibhéil a bhaineann le comhthéacs agus le tionchar na seirbhísí agus na ngníomhaíochtaí seo. I Meastacháin Athbhreithnithe 2018, den chéad uair, tá faisnéis a bhaineann le buiséadú feidhmíochta a bhaineann le clár um buiséadú comhionannais atá faoi lán seoil cheana féin do bhuiséad 2018.

## Athchóiriú Buiséid

I Mí Mheithimh, rinne an Roinn i gcomhar leis an Roinn Airgeadais Ráiteas ar an nGeilleagar sa Samhradh, a chomhfhoilsiú. Leagtar amach ann na mórpharaiméadair le haghaidh fás maicreacnamaíoch agus fioscach agus laincisí le linn na meántéarma agus d'éascaigh sé plé maidir le roghanna fioscacha agus tosaíochtaí roimh Bhuiséad agus Meastacháin Dheireadh Fómhair.

I Mí Mheithimh, rinne an Roinn i gcomhar leis an Roinn Airgeadais, Plé Náisiúnta ar an nGeilleagar a chomheagrú. D'éascaigh an ócáid, a bhí i gCaisleán Bhaile Átha Cliath, plé oscailte agus cuimsitheach ar na tosaíochtaí sóisialta agus eacnamaíocha atá roimh an rialtas, i gcomhthéacs paraiméadair mhaicreacnamaíocha agus fhioscacha. '*Sustainable and inclusive growth in the context of context of national and global challenges*' a bhí mar théama ag an ócáid. Eagraíodh roinnt seisiún ar an imeall chun ceisteanna ábhartha a phlé. Le linn na seisiún seo clúdaíodh ceisteanna ar nós Breatimeachta, athrú aeráide agus scileanna a bheidh ag teastáil sa todhchaí. Is féidir teacht ar na páipéir a chuir an Rialtas amach chun na seisiúin seo a threorú ar Suíomh Idirlín an Bhuiséid.

Mar chuid de na hiarrachtaí leantacha chun rannpháirtíocht leis an mbuiséad agus maoirseacht air ag an Oireachtas, d'fhoilsigh an Roinn an Tuarascáil Chaiteachais Lár-Bhliana (MYER) i mí Iúil. Sonraíodh ann na paraiméadair chaiteachais ard-leibhéil le haghaidh Bhuiséad 2018, agus sonraíodh ann freisin ollchaiteachas measta vótáilte thar an meántréimhse. Ba é ba chúis le foilsiú luath MYER ná plé oscailte a éascú le Roghchoiste an Oireachtais ar Mhaoirseacht Bhuiséid faoi thosaíochtaí caiteachais an Rialtais roimh Bhuiséad 2018 a chur le chéile.

In 2017 tharla an chéad bhabhta den phróiseas nua Athbhreithnithe Caiteachas. Ba é an chéad cheann d'athbhreithnithe leantacha, roghnacha, ina gcuimseofar caiteachas iomlán an Rialtais thar thréimhse trí bliana go 2019. Leis an bpróiseas seo is féidir imscrúdú a dhéanamh go córasach ar chláir reatha chaiteachais chun meastóireacht a dhéanamh ar a n-éifeachtúlacht chun cuspóirí polasaí a chomhlíonadh agus chun scóip chun caiteachas a ath-dháileach a aithint chun tosaíochtaí caiteachais a shásamh. Sa chéad bhliain den athbhreithniú is amhlaidh gur foilsíodh breis agus 20 páipéar, inar scrúdaíodh réimse leathan d'ábhair pholasaí, lena n-áirítear géarsheirbhísí i gcúrsaí sláinte, i soláthar riachtanais speisialta agus i gcaiteachas in Oibleagáid Seirbhíse Poiblí ar iompar poiblí. Bonn láidir faisnéise ba ea é seo don phlé maidir le Meastacháin 2018 le Rannóga líne.

[1]Tá aisíoc déanta ag Éirinn ar chuid IMF de mhaoiniú an chláir, agus tá an IMF anois ag tabhairt faoi Mhisin Airteagal IV in áit monatóireacht iar-chláir a dtugann an Coimisiún agus an ECB/ESFM faoi.

Sa bhliain 2017, leanadh leis an obair chun an togra um buiséadú feidhmíochta maidir le leithdháileadh acmhainní agus cinnteoireacht a leabú. Chun an bhéim a mhéadú ar fhaisnéis chainníochtúil, uimhriúil i leith feidhmíochta, níl ráitis cháilíochtúla i leith feidhmíochta in Imleabhar Meastachán Athbhreithnithe 2018. Mar gheall air seo is féidir an fhaisnéis a chur i láthair ar bhealach níos cuíchóirithe, agus bíonn sé níos inrochtana agus níos fusa a thuiscint dá réir. Ar a bharr sin, foilsíodh an chead Tuarascáil ar Fheidhmíocht na Seirbhíse Poiblí i Mí Aibreáin. Tá sé mar aidhm ag an tuarascáil seo, ina soláthrófar sonraí feidhmíochta cainníochtúla in am, an bhéim ar fheidhmíocht agus ar sholáthar a mhéadú trí thascairí ábhartha feidhmíochta a chur i láthair i gcáipéis thiomanta, dhírithe.

### *Buiséadú Comhionannais*

Le linn 2017 bhí obair ar bith chun an gealltanas a bhí sa Chlár um Rannpháirtíocht Rialtais a chur i bhfeidhm chun próiseas promhaidh buiséid agus polasaí mar bhealadh chun comhionannas a chur chun cinn, bochtanas a laghdú agus cearta eacnamaíocha agus sóisialta a neartú a fhorbairt. D’eagraigh an Roinn agus thacaigh sí le roinnt ceardlanna chun feasacht a ardú ar choincheap an buiséadaithe comhionannais agus na huirlisí a úsáidtear chun é a chur i bhfeidhm. Ar lá an bhuiséid, rinneadh páipéar polasaí Buiséad Comhionannais: Na Chéad Chéimeanna Eile Molta in Éirinn a fhoilsiú ina raibh mionchur síos ar an gclár píolóta um buiséadú comhionannais do bhuiséad 2018. Tá an clár píolóta um buiséadú comhionannais á dhaingniú sa chreat um buiséadú feidhmíochta. In Imleabhar Meastachán Athbhreithnithe 2018 tá cuspóirí buiséid chomhionannais d’ardleibhéal ann agus tascairí feidhmíochta le haghaidh sé chlár éagsúla caiteachais. Déanfar dul chun cinn ar na spriocanna seo a bhaint amach a thuairisciú sa Tuarascáil um Feidhmíocht sa tSeirbhís Phoiblí atá le foilsiú in 2018. Tá an obair seo i measc na dtionscadal a bhfuil an Roinn ag tabhairt fúthu de réir a cuid dualgas san earnáil phoiblí.

### Seirbhís Gheilleagair agus Mheastóireachta Rialtas na hÉireann (IGEES)

Is seirbhís chomhtháite agus tras-Rialtais é IGEES a bhfuil sé mar aidhm aige tacú le ceapadh agus cur i bhfeidhm níos fearr polasaí sa Státseirbhís trí anailís agus meastóireacht níos fearr a dhéanamh ar an ngeilleagar agus ar staitisticí. Tá foireann de chuid an IGEES ag obair i ngach Roinn agus iad ag cur a riar scileanna leis an saineolas áirithe atá ag obair ar anailís ar pholasaí agus ar pholasaí a cheapadh. Lean an fás ar IGEES in 2017 agus beagnach 120 státseirbhíseach agus róil san IGEES acu.

Príomhthionscnamh chun polasaithe a cheapadh bunaithe ar fhianaise atá san IGEES. In 2017, lean an Roinn ag tabhairt tacaíochta don IGEES chun a hacmhainn a fhorbairt maidir le ceapadh polasaithe sa Státseirbhís bunaithe ar fhianaise. Déanann sé seo trí shainearcaíocht lárnach (d’earcaigh an IGEES 16 anailísí polasaí in 2017), soghluaisteacht struchtúrtha, foghlaim dhírithe agus deiseanna forbartha, agus trí chomhdhálacha agus ócáidí eile a eagrú mar ardáin chun plé a dhéanamh ar anailís agus a ábhartha agus atá sé le haghaidh polasaí.

Seoladh Creat Foghlama agus Forbartha IGEES 2017-2019 in 2017. Mar chéim tosaigh chun plean cuimsitheach foghlama agus forbartha a chur i bhfeidhm, rinneadh deiseanna dírithe oiliúna a phíolotú le haghaidh scileanna ar nós anailís ar chostas tairbhe agus measúnú ar tionchar frithfhíorasach.

Tá clár oibre IGEES 2017 agus breis agus 30 páipéar a d’eisigh IGEES in 2017, ina ndéantar anailís ar cheisteanna i réimse d’earnálacha lena n-áirítear Sláinte, Coimirce Shóisialach, Oideachas, eacnamaíocht iompraíochta, polasaí cánach, agus caiteachas caipitil ar fáil ar shuíomh idirlín IGEES.

In 2017 bunaíodh Ciste Taighde de chudi an IGEES chun tacú le hobair anailíse ina dtugtar léargais maidir le ceisteanna tras-rannacha. I ndiaidh próiseas iomaíoch a bheith ann, leithdháileadh ciste 2017 chun tacú le comhobair idir an Roinn Airgeadais agus An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil ar roghanna tionachta.

Chun tacú le plé bunaithe ar pholasaí agus ceapadh polasasí bunaithe ar fhianaise a thacú, in 2017, d’eagraigh an IGEES dhá chomhdháil (Comhdháil Athbhreithnithe ar Chaiteachas an IGEES agus Comhdháil Bhliantúil an IGEES) agus d’eagraigh sé roinnt seimineár.

### Cuntasaíocht Rialtais

Sa bhliain 2017, d'eisigh Aonad Cuntasaíochta an Rialtais roinnt cáipéisí treoracha ar eochairpholasaithe, go háirithe Treoir maidir leis na hImleachtaí le Ráitis Bhliantúla Airgeadais agus an Tuarascáil Bhliantúil, maidir leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016 agus na Riachtanais le haghaidh Cuntais Dílsithe 2017 Ciorclán 25/2017 agus anTreoirleabhar chun Cuntais Dílsithe a Ullmhú.

### *Treoir maidir le hImpleachtaí do na Ráitis Bhliantúla Airgeadais agus an Tuarascáil Bhliantúil*

Sa treoir seo leagtar amach an dóigh ar chóir na riachtanais nua agus na nochtaidh um thuairisciú airgeadais atá ag teastáil de réir Chód 2016 a thuairisciú i dtuarascáil bhliantúil agus i ráitis airgeadais na gcui deachtaí Stáit. Is í is aidhm leis an treoir ná cúnamh praiticiúil a sholáthar do chuideachtaí Stáit maidir le riachtanas Chód Cleachtais 2016 a chur i bhfeidhm. Rinneadh é a fhorbairt i gcomhar le hOifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Is é seo a leanas na príomheilimintí a bhaineann leis an treoir nua:

- Riachtanais an Ráitis ar Rialú Inmheánach (SIC), atá ann anois in áit an Ráitis ar Rialú Inmheánach Airgeadais (SIFC);
- Ráiteas nua Rialachais agus Tuarascáil Bhaill an Bhoird ar fhaisnéisiú breise a chuimsiú atá sonraithe sa Chód maidir leis an dóigh a bhfeidhmíonn an Bord; agus
- Nóta Íocaíochta a thugann le chéile faisnéisiú breise atá ag teastáil sa réimse seo de réir Chód 2016.

### *Cód Caiteachais Phoiblí*

In 2017, sholáthraigh Aonad Cuntasaíochta an Rialtais seisiúin oiliúna agus forbartha ar an measúnú ar angCód Caiteachais Phoiblí agus riachtanais mheastóireachta mar chuid de Chlár Oiliúna Iarchéime AO. Is éard atá sa Chód Caiteachais Phoiblí ná tacar rialacha, nósanna imeachta agus treoir chun Luach ar Airgead (VFM) a chinntiú i gcaiteachas poiblí sa tseirbhís phoiblí. Tarraingíonn sé le chéile in aon áit lárnach amháin, gnéithe fadbhunaithe na socruithe VFM atá i bhfeidhm le roinnt de bhlianta anuas. Tá riachtanais an Chóid Chaiteachais Phoiblí bunaithe ar dhea-chleachtas a chur i bhfeidhm ag gach céim den saolré caiteachais. Ní mór do rannóga agus do ghrúpa pobail eile a chinntiú go bhfuil caighdeán inghlactha lena dteicnící measúnaithe agus luachála maidir le caiteachas de, agus go gcoinníonn siad na caighdeáin seo i gcónaí..

## 1. Bainistíocht Airgeadais agus Beartais Earnála

### Bainistíocht Caiteachais Vótáilte

Gach bliain, údaraíonn an Dáil maoiniú do sheirbhísí agus gníomhaíochtaí an Rialtais i sciartha caiteachais ar a dtugtar Vótaí. Is réimse sainiúil de chuid caiteachais Rialtais é Vóta, arb é freagracht Roinn nó Oifig aonair Rialtais é. Is é ról na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe monatóireacht agus bainistíocht a dhéanamh ar chaiteachas ag Vótaí aonair, le cois caiteachais phoiblí ar leibhéal comhiomlán a anailísiú agus a bhainistiú.

Lean an Roinn den mhonatóireacht ar threochtaí caiteachais le linn 2017. Ar na buntascanna sa réimse seo bhí: moltaí ó Ranna agus Gníomhaireachtaí ar bhonn luach ar airgead agus tosaíochtaí acmhainní a scrúdú agus a mheas; comhairle ar cé acu ba chóir nó nár chóir na moltaí a fhaomhadh; agus athbhreithniú agus comhairle ar bheartas agus feidhmíocht comhlachtaí Stáit. Rinne an Roinn maoirseacht ar bheagnach €54 billiún de chaiteachas comhlán reatha ag Ranna in 2017, is é sin méadú breis agus €2 billiún nó 4.2%, bliain ar bhliain, ar an €51.8 billiún a caitheadh in 2016. Léirítear leis an méadú seo tiomantas an Rialtais seirbhísí poiblí a chothabháil agus a fheabhsú agus, san am céanna, cobhsaíocht cistí poiblí a choinneáil.

D'éirigh le tríocha a haon den 42 Vóta cloí le caiteachas de réir leithdháiltí bunaidh 2017 agus bhí Meastacháin Fhorlíontacha de dhíth ar an 11 eile i mí na Nollag. Cuireadh caiteachas breise ar fáil sna Meastacháin Fhorlíontacha don tSeirbhís Sláinte, tuarastal Gardaí, soláthar Bónas Leasa Shóisialaigh na Nollag agus caiteachas breise caipitil ar, mar shampla, tithíocht. Mar gheall ar shábháiltí i Ranna eile, bhí caiteachas foriomlán na bliana ar aon dul leis an méid atá leagtha amach sa Tuarascáil ar Chaiteachas 2017.

### Beartais Caiteachais Earnála

Tugadh aghaidh ar roinnt beartais caiteachais earnála le linn 2017, lena n-áirítear, mar shampla, iad siúd a leagtar amach thíos.

#### *Aonad Coiscthe agus Luath-Idirghabhála*

In 2017, bhunaigh an Roinn Aonad Coiscthe agus Luath-Idirghabhála chun tacú le forbairt cur chuige inbhuanaithe trasearnála i leith Cosc agus Luath-Idirghabhálacha (CLI) sa bheartas poiblí i gcomhthéacs bainistíocht agus meastóireacht caiteachais phoiblí. Baineann réimse sainiúil an Aonaid le CLI i mbeartas luath-óige agus riochtaí ainsealacha sláinte a théann i bhfeidhm ar sheandaoine agus, sa chomhthéacs seo, déanann an t-aonad idirchaidreamh leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, an Roinn Sláinte agus le páirtithe leasmhara cuí eile.

#### *Tithíocht agus Uisce*

Chuir an Roinn €700 milliún breise ar fáil mar mhaoiniú caipitil faoi Atógáil Éireann chun 3,000 aonad tithíochta sóisialta breise a chur ar fáil faoin bplean agus is é 50,000 aonad faoi 2021 an sprioc iomlán anois.

D'éascaigh an Roinn samhail nua mhaoiniúcháin Uisce Éireann, de bhun moltaí de chuid an Chomh-Choiste Oireachtais ar mhuirir uisce tí sa todhchaí. Téann soláthar airgeadais i gcomhair muirir uisce tí anois tríd an Vóta Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil ó bhí tús 2018 ann.

#### *Gníomhú ar son na hAeráide*

Lean an Roinn de chur chun cinn cur chuige iomlán rialtais sa réimse gníomhú aeráide. Sa chomhthéacs seo, chuimsigh an Roinn tionchair aeráide sna hAnailísí IlChritéir in Athbhreithniú Lár Téarma an Phlean Chaipitil (R3 2017) agus aithníodh sa chéad Phlean Náisiúnta Maolaithe reachtúil ag Éirinn, arna fhoilsiú ag an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, an tábhacht atá lena chinntiú go mbíonn bearta aeráide a mholtar costéifeachtúil agus éifeachtach araon.

Lean an Roinn fosta de theagmháil leis na Ranna bainteacha ceannais i dtéarmaí peirspictíocht Státchiste a thabhairt isteach, lena n-áirítear paraiméadair na rialacha buiséid/fioscacha, chun bonn eolais a chur faoi sheasamh náisiúnta idirbheartaíochta na hÉireann ar Phacáiste Aeráide agus Fuinnimh 2030.

Bhí an Roinn i dteagmháil ar bhonn gníomhach le Ranna, Gníomhaireachtaí agus fóraim éagsúla bhainteacha ar an gclár oibre a bhaineann le hathrú aeráide agus ionchur acu i meithleacha éagsúla ábhartha ag an leibhéal náisiúnta agus AE. Lena chois sin, scríobhadh roinnt páipéar m.sh. Climate Change Related Funding Research in Ireland (2010-2015) - An Analysis; Application of Behavioural Economics for Emissions Reductions in Transport.

### *Earnáil Ceartais*

Le linn 2017, thug an Roinn comhairle don Aire ar réimse leathan de cheisteanna suntasacha beartais, reachtaíochta agus eagraíochta a bhaineann leis an gCóras Ceartais Choiriúil. Dhírigh an Roinn go háirithe ar réimse an athchóirithe póilíneachta trí chruinnithe comhoibritheacha le páirtithe leasmhara eile amhail an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, An Garda Síochána agus an tÚdarás Póilíneachta ar cheisteanna a bhaineann le pleanáil fórsa saothair, TF agus soláthar acmhainní.

Mar chuid dá obair leanúnach chun fianaise a fhorbairt mar bhonn eolais dá chur chuige ar bhainistíocht vótaí i réimse an cheartais, d'fhoilsigh an Roinn freisin páipéar dar teideal Challenges to Investment in Policing: A Public Expenditure Perspective mar chuid den Athbhreithniú Caiteachais dár tagraíodh cheana.

Bíonn an Roinn rannpháirteach i roinnt mhaith grúpaí idir-rannacha mar chuid dá ról chun luach ar airgead a chur chun cinn i mbeartas earnála i leith an réimse ceartais. Ina measc siúd tá, an Tascfhórsa ar Bhreithiúnas na Cúirte Uachtaraí ar Cheart Oibre Iarratasóirí Cosaint Idirnáisiúnta agus an Grúpa Athbhreithnithe ar Riar an Cheartais Shibhialta.

## Bainistíocht Caiteachais Caipitil

Rinne an Roinn maoirseacht ar chaiteachas comhlán caipitil ag Ranna dar suim €4.5 billiún in 2017, is é sin méadú bliain ar bhliain beagnach €300 milliún nó 7.7% ar tháirgeacht €4.2 billiún 2016, rud a léiríonn tiomantas an Rialtais chun caiteachas caipitil a mhéadú ar aon dul leis an bPlean Caipitil.

Le linn 2017, rinneadh athbhreithniú ar Phlean Caipitil 2015 review of the 2015 Capital Plan. Le hathbhreithniú an Phlean Caipitil. cuireadh le chéile bonn fianaise inar cuimsíodh aighneachtaí ó Ranna agus ó Oifigí, comhairliúchán cuimsitheach poiblí agus Anailís Acmhainn agus Éileamh Bonneagair, arna comhlánú ag Seirbhís Eacnamaíochta agus Meastóireachta Rialtas na hÉireann (SEMRÉ) sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Foilsíodh freisin an Rianaire Tionscadail Chaipitil Capital Projects Tracker inar liostaíodh réimse de thionscadail agus de chláir a bhfuil tiomantais tugtha ag Ranna ina leith thar thréimhse an Phlean Caipitil.

Ba é athbhreithniú an Phlean Caipitil ba bhunús le leithdháileadh i gCáinaisnéis 2018 €4.3 billiún breise de chaiteachas caipitil don tréimhse a fhad le 2021.

Bhí ionchur suntasach freisin ag athbhreithniú an Phlean Caipitil i bhforbairt leanúnach an Phlean Forbartha Náisiúnta National Development Plan (PFN), a foilsíodh ar 16 Feabhra 2018, i gcomhar le Creat Pleanála Náisiúnta (CPN) nua an Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil - a bhfuil a gcuspóirí ríthábhachtach maidir le gnóthú inbhuanaitheacht fhadtéarmach eacnamaíochta, shóisialta agus comhshaoil. Cuimsíodh san obair in 2017 a bhaineann leis an PNF tionól fóram comhairliúcháin páirtithe leasmhara in Farmleigh i mí na Samhna agus teagmháil leanúnach le ranna le tosaíochtaí infheistíocht straitéiseach a shainaithint a bheadh ar aon dul le gnóthú chuspóirí CPN.

## Comhpháirtíochtaí Poiblí Príobháideacha

Bunaíodh Grúpa Ard-Leibhéil Idir-Rannach/Gníomhaireachta in 2017 le taithí na hÉireann ar CPPanna a athbhreithniú agus chun moltaí a dhéanamh ar ról CPPanna feasta, i gcomhthéacs fhorbairt an Phlean Forbartha Náisiúnta (PFN) nua deich mbliana.

Ina dhiaidh sin, cuireadh obair an Ghrúpa Athbhreithnithe i gcrích in 2017 agus cuimsíodh buntorthaí agus moltaí athbhreithniú CPN sa PFN a foilsíodh i mí Feabhra 2018.

## 2. Breatimeacht agus Comhoibriú Idirnáisiúnta

### Breatimeacht

Tá Aonad Breatimeachta/AE/Thuaidh Theas sainiúil freagrach as ceisteanna Breatimeachta a chomhordú i ngach cuid den Roinn agus as ionchur a bheith acu i bhfreagairt an rialtais ina iomláine.
Ó thús go deireadh 2017, lean an Roinn de dhul i ngleic le ceisteanna a tháinig aníos mar gheall ar Bhreatimeacht, ag tógáil ar an bpleanáil teagmhais a thosaigh roimh reifreann an RA ar bhallraíocht an AE. Bhí sí gníomhach i dtacaíocht don Aire mar bhall de Choiste na Comh-aireachta ar Bhreatimeacht, chomh maith le cur le hobair an Grúpa Idir-Rannaigh ar Bhreatimeacht agus na ngrúpaí éagsúla idir-Rannacha atá ag freagairt do Bhreatimeacht.

### Comhordú AE agus Thuaidh Theas

Thacaigh an Roinn le forbairt beartais a bhain leis an AE i ngach cuid den Rialtas, lena n-áirítear trí obair an Choiste Comh-aireachta ar Ghnóthaí AE agus grúpaí idir-rannacha bainteacha. Cé nárbh fhéidir cruinnithe earnála a thionól den CATT a bhain le Comhlacht na gClár Speisialta AE in 2017 cheal Feidhmeannas i dTuaisceart Éireann, lean an Roinn de thacú le hobair ar chomhoibriú Thuaidh Theas a rinneadh faoi choimirce na Comhairle Aireachta Thuaidh Theas (CATT) agus trí na Comhlachtaí Forfheidhmiúcháin Thuaidh Theas (CFTT).

### Cláir Cistí Struchtúracha AE 2014-2020

D'éirigh le hÉirinn €1.2bn de Chistí Struchtúracha AE a fháil don tréimhse 2014-2020. As seo, tá €409 milliún ar fáil do chlár atá á gcómhaoiniú ag Ciste Forbartha Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) a bhfuil freagracht fhoriomlán ag an Roinn as, agus €610 milliún leithdháilte ar Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE) agus ar an Tionscnamh Fostaíocht Óige (TFÓ), atá faoi choimirce na Roinne Oideachais agus Scileanna. Tá €169 milliún eile sainithe do Chláir Chomhoibriú Críche na hEorpa (CCE) ina mbíonn Éire páirteach agus an dá Chlár Thuaidh-Theas (PEACE agus INTERREG IVA) is suntasaí orthu seo.

Le linn 2017, d'oibrigh an Roinn i ndlúthpháirt le hÚdaráis Bhainistíochta CFRE le go gcloífí le spriocdháta 31 Nollaig 2017 N+3 na hÉireann a chinntiú nárbh ann d'aon dídhílsiú i leith mhaoiniú CFRE an AE agus go gcuirfí isteach iarratais íocaíochta AE i leith €47 milliún de chaiteachas poiblí incháilithe. Gnóthaíodh é seo trí chinntiú Shannadh na nÚdaras Bainistíochta agus Deimhniúcháin i gcomhair an Chláir Oibríochtúil trína gceadaítear éilimh íocaíochta a chur faoi bhráid an Choimisiúin i Ráithe 2 agus Ráithe 4. Mar chuid den phróiseas chun maoiniú AE a shannadh, cuireadh i bhfeidhm fosta córas TFC teagmhais.

Tugadh chun cinn in 2017 forbairt chóras TF eCohesion, riachtanas AE i gcomhair riarachán breise bheag agus €1.2 billiún de Chistí Struchtúracha na hÉireann agus an Chiste um Chúnamh Eorpach Do na Daoine is Mó Díothacht (CEDD) i dtréimhse mhaoiniúcháin 2014-2020. Aontaíodh é seo a chur i bhfeidhm ina trí chéim (feidhmíodh céim 1 agus 2 in 2017 agus táthar chun céim 3 a fheidhmiú ag deireadh R1 2018) agus cuirfear ar chumas na hÉireann a riachtanais rialála a chomhlíonadh le cois na próisis riaracháin agus bhainistíochta a fheabhsú dóibh sin a bhainfidh sochar astu. D'éirigh le CEDD a chéad éileamh a chur isteach ar an gcóras TF eCohesion i mí na Nollag 2017.

Cuireadh obair i gcrích ar shuíomh gréasáin nua náisiúnta, arna fhorbairt ag an Aonad Cistí Struchtúracha AE agus ag Ard-Oifigeach Faisnéise Oifig an Rialtais chun tionchar dearfach Chistí Struchtúracha in Éirinn Structural Funding in Ireland a chur chun cinn. Sheol an tAire Donohoe an suíomh gréasáin in Aibreán 2017 agus cuirtear i láthair air eolas ar Chistí Struchtúracha AE i bhformáid shoiléir dóibh sin a bhainfeadh sochar as an gclár agus do shaoránaigh i gcoitinne.

Cuireadh i gcrích an próiseas chun dhá Chlár Oibríochta CFRE i leith thréimhse 2017-2013 (caiteachas i leith thréimhse 2007-2015) faoin spriocdháta rialála 31 Márta, 2017.

Maidir le cás is leithne Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa (CSIE), d'óstáil an Roinn an Coiste Monatóireachta Comhaontú Páirtíochta (CMCP) i mí na Nollag. Monatóiríonn sé seo dul chun cinn ar fheidhmiú na gcuspóirí straitéiseacha a shainaithnítear sa Chomhaontú Páirtíochta agus tugann uasdátuithe ar cheisteanna feidhmiúcháin.

Cé gur croífhócas fós é feidhmiú leanúnach na gclár reatha, tá aird á díriú anois freisin ar na hidirbheartaíochtaí ar an gcéad bhabhta eile de Chistí Struchtúracha agus ar bhrú ó thaobh buiséid de. Ceist mhór don Aontas in 2018 agus 2019 an idirbheartaíocht ar Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) nua an AE agus táthar ag dúil go dtabharfaidh an Coimisiún a mholtaí chun cinn don chéad CAI eile i mí na Bealtaine agus, go gearr ina dhiaidh sin, reachtaíocht earnála i leith na gCistí éagsúla.

Chuige sin, i mí na Samhna 2017, chuir an Roinn i gcrích páipéir seasaimh inar leagadh amach dearcadh na hÉireann ar thodhchaí beartais chomhtháthaithe. Cé gur léirigh an páipéar an luach a chuireann Éire ar bheartas comhtháthaithe mar ghléas infheistíochta, léirigh sé fosta an géarghá le simpliú na castachta míriachtanaí rialála a bhaineann le bainistíocht na gClár arna Maoiniú ag AE agus le solúbthacht mhéadaithe do Bhallstáit chun infheistíocht a dhíriú ar réimsí inar mó an ábharthacht dóibh.

Is dóchúla ná riamh fosta go mbeidh úsáid Ionstraimí Airgeadais ina gcuid de sholáthar cistí struchtúracha i leith gach cláir. Chuige sin, tá obair idir lámha laistigh den Roinn ar fhiosrú oiriúnacht tosaíochtaí éagsúla infheistíochta mar réimsí ina bhféadfaí ionstraimí airgeadais a fheidhmiú.

## Cláir Thuaidh Theas

Tá an Roinn ag obair i ndlúthpháirt leis an Roinn Airgeadais i dTuaisceart Éireann agus Comhlacht na gClár Speisialta AE (CCSAE) ar mhaoirseacht Chláir 2014-2020 thrasteorann PEACE agus INTERREG. Is ó AE a thagann 85% de mhaoiniú na gclár seo trí Chiste Forbartha Réigiúnaí na hEorpa agus luach iomlán €553 milliún atá acu. In 2016, rinne an Roinn comhaontú ar théarmaí clásal cosanta i leith comhaontuithe maoiniúcháin leo sin a bhaineann leas as na cláir a chosaint ar Bhreatimeacht. Dá thoradh sin, faoi dheireadh 2017, bhí Clár PEACE IV 73% tiomanta agus 79 tionscadal dar luach €176 milliún i gceist agus bhí Clár INTERREG VA 78% tiomanta agus 27 tionscadal dar luach €208 milliún faofa.

Rinne an Roinn maoirseacht fosta ar chur i gcrích agus clabhsúr Chláir 2007-2013 PEACE agus INTERREG a raibh comhluach beagnach €590 milliún ag gabháil leo.

## Comhar Críochach Eorpach

Chomh maith leis na Cláir Thuaidh Theas, tá Éire ina comhpháirtí fosta i gClár INTERREG na hÉireann agus na Breataine Bige a bhfuil luach iomlán beagnach €100 milliún leis thar thréimhse chláir 2014-2020, le cois roinnt cláir thrasnáisiúnta, mar atá, Cláir Cheantar an Atlantaigh, Iarthuaisceart na hEorpa agus an Imill Thuaidh agus Réigiún an Artaigh.

## Comhlachtaí Forfheidmiúcháin Thuaidh Theas

D'oibrigh an Roinn i bpáirt leis an Roinn Airgeadais i dTuaisceart Éireann chun comhthreoir a chomhaontú agus a eisiúint do na Comhlachtaí Forfheidmiúcháin Thuaidh Theas a bunaíodh faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta. Cumhdaíodh leis na treoirdhoiciméid Pleanáil agus Buiséid Ghnó do CFTTanna agus Tuairiscí agus Cuntais Bhliantúla do CFTTanna.

## Údarás CFRE

Mar an Údarás Iniúchta ainmnithe d'Éirinn i leith Chláir CFRE 2007-2013, chuir Aonad Iniúchta Inmheánaigh agus AE na Roinne na Tuairiscí Deiridh Rialaithe do na 3 chlár uile a bhí faoina sainchúram san am faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh roimh spriocdháta reachtúil 31ú Márta 2017. Maidir le tréimhse chláir 2014-2020, rinne an tAonad dul chun cinn suntasach sa phróiseas sannta i leith an dá chlár oibríochta de chuid an CFRE atá faoina shainchúram. Lena chois sin, chuir an tAonad i gcrích 2 iniúchadh oibríochta agus 3 iniúchadh córais le linn 2017 sa dá chlár seo.

## 3. Caidreamh Tionsclaíoch, Pá agus Pinsin na Seirbhíse Poiblí

### Beartas Pá agus Pinsin na Seirbhíse Poiblí

#### *Comhaontú Cobhsaíocht na Seirbhíse Poiblí 2018-2020*

Is iad na hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail (FEMPI) atá mar bhunchloch ag laghduithe pá agus pinsin na seirbhíse poiblí ó 2009 i leith. Le chéile, bhí ról ríthábhachtach ag sábháiltí ó na bearta seo i gcobhsú cistí poiblí. Dé réir mar a fheabhsaíonn geilleagar na hÉireann, croífhócas in 2017 ab ea riar ar scaoileadh breise inbhuanaithe ar na bearta éigeandála a théann i bhfeidhm ar sheirbhísigh phoiblí agus iad sin atá ar scor on tseirbhís phoiblí a thosaigh faoi FEMPI 2015.

I lár 2017, thosaigh oifigigh de chuid na Roinne ar idirbheartaíochtaí le ceardchumainn agus cumainn ionadaíochta na seirbhíse poiblí agus chomhaontaigh ar chomharba Chomhaontú Bhóthar Lansdúin, Comhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí (CCSP) Public Service Stability Agreement (PSSA) 2018-2020. Ina dhiaidh sin, dhaingnigh an Rialtas agus Coiste na Seirbhísí Poiblí agus Comhdháil na gCeardchumann (ICTU) an comhaontú agus dearbhaíodh, mar sin de, slí amach ón chreat FEMPI agus cinntíodh cúrsaí caidreamh tionsclaíoch go dtí deireadh 2020.

Tairgtear in CCSP 2018-2020 sraith de mhéaduithe inacmhainne pá a scaoilfidh laghduithe pá FEMPI do bheagnach 90% de sheirbhísigh phoiblí thar an tréimhse go dtí deireadh 2020.

Moladh sa chomhaontú fosta go dtiontófar an Asbhaint a Bhaineann le Pinsin (PRD) reatha FEMPI ina Ranníocaíocht Bhreise Aoisliúntais (ASC) ó 2019 ach, san am céanna, gnóthachain mheasartha a thabhairt do bhunús na seirbhíseach poiblí trí mhéaduithe sa tairseach díolúine. Beidh an ASC de bhreis ar ranníocaíochtaí reatha pinsin a thugann seirbhísigh phoiblí agus cuirfear pinsin seirbhíse poiblí ar bhunús inbhuanaithe fadtéarmach. Beidh costas €887 milliún air go deireadh 2020 agus is idir 6.2% agus 7.4%, thar thréimhse trí bliana, atá na sochair do ghrúpaí éagsúla ioncaim agus iad ualaithe ina dtreo siúd is ísle pá.

#### *An tAcht um Pá agus Pinsin na Seirbhíse Poiblí 2017*

I Ráithe 4, d'oibrigh an Roinn le hOifig an Ard-Aighne chun an Bille um Pá agus Pinsin na Seirbhíse Poiblí 2017 a dhréachtú agus a fhoilsiú. Ritheadh an Bille i mí na Nollag 2017 agus thug éifeacht d'fhorálacha Chomhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2018-2020.

Foráiltear san Acht scaoileadh céimneach na mbeart FEMPI ar bhonn inbhuanaithe thar roinnt blianta, mar seo a leanas:

- fás inbhuanaithe pá thar thréimhse 3 bliana 2018-2020 a thabharfaidh 90% de sheirbhísigh phoiblí amach as FEMPI faoi dheireadh 2020;
- bearta breise chun deireadh a chur lena bhfuil fágtha de thionchar na mbeart FEMPI ar sheirbhísigh phoiblí faoi Iúil 2022;
- tabhairt isteach Ranníocaíocht Bhreise Aoisliúntais do sheirbhísigh phoiblí ó 1 Eanáir 2019 chun €550 milliún breise a chur ar fáil do chostas pinsin seirbhíse poiblí nuair a fheidhmeofar go hiomlán é ó 2020;
- laghdú suntasach eile ar an Laghdú Pinsin na Seirbhíse Poiblí (LPSP) le tarlú in 2019 agus 2020. Ciallaíonn sé sin, ó 1 Eanáir 2020, nach mbeidh LPSP i bhfeidhm ar thuairim ar 97% de phinsinéirí seirbhíse poiblí; agus
- foráil eile go socrófar trí ordú aireachta dáta le deireadh iomlán a chur le cibé tionchar atá fágtha ag LPSP ar phinsin.

## *An Coimisiún um Pá na Seirbhíse Poiblí – Céim 2*

Bunaíodh an Coimisiún um Pá na Seirbhíse Poiblí go foirmiúil i nDeireadh Fómhair 2016 le comhairle a thabhairt don Rialtas ar bheartas luach saothair Seirbhíse Poiblí. I mí na Bealtaine 2017, d'fhoilsigh an CPSP a chéad tuarascáil first report inar tugadh ionchur suntasach do na hidirbheartaíochtaí idir ceardchumainn agus fostóirí na seirbhíse poiblí ar toradh dó Comhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2018 -2020.

Ar aon dul le Mír 3 de Chomhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2018-2020, iarrtar ar an CPSP:

- A fháil amach an chéad uair an ann do dheacracht i dtéarmaí earcaíochta agus coinneála do ghrúpaí/gráid/earnálacha ar leith de chuid na seirbhíse poiblí agus cad é méid na deacrachta;
- Nuair a shonraítear deacracht, an réimse iomlán de na tosca cúisíocha a scrúdú;
- Critéir chuí modheolaíochta agus anailíse a fhorbairt le cur chuige daingean, bunaithe ar fhianaise a chinntiú sa bheart seo;
- An aird chuí a thabhairt ar shocruithe agus dea-chleachtas i ndlínsí eile agus, nuair is cuí, in earnáil phríobháideach na hÉireann maidir le ceisteanna den sórt, go háirithe maidir leis na réimsí sin inar ann do mhargadh saothair domhanda chomh maith leis na freagairtí atá i bhfeidhm i ndlínsí eile mar a mbíonn fadhbanna earcaíochta agus coinneála den chineál céanna;
- An saineolas seachtrach, dar leis an gCoimisiún, atá de dhíth a choimisiúnú chun bonn eolais a chur faoina phlé i gcomhthéacs na modheolaíochtaí a fhorbraítear.

Cuirfidh an CPSP tuairisc dheiridh i láthair an Aire faoi dheireadh 2018 agus/nó ag céimeanna eatramhacha de réir mar a shocróidh an Coimisiún. Tá aighneachtaí faighte ag an gCoimisiún ó pháirtithe an chomhaontaithe maidir leis an gcéim seo dá chuid oibre. Foilseofar gach aighneacht a gheofar ar shuíomh gréasáin an CPSP i ndiaidh fhoilsiú na tuairisce.

Na grúpaí cuí ionadaíocht foirne agus fostóirí seirbhíse poiblí a mheasfaidh feidhmiú aon mholtaí a thiocfadh aníos de bhun thuairisc an Choimisiúin.

.

## *Méadú san Aois Éigeantach Scoir sa tSeirbhís Phoiblí*

Foilsíodh tuarascáil ar na Baic le Rannpháirtíocht Shínithe i bhFórsa Oibre na Seirbhíse Poiblí, a rinneadh le fostóirí na Seirbhíse Poiblí i 2017. Tar éis na tuarascála sin, i Nollaig 2017 chinn an Rialtas ar an aois éigeantach scoir a ardú go dtí 70 do státseirbhísigh a earcaíodh roimh Aibreán 1 2004. Seo an t-aon ghrúpa státseirbhíseach a bhfuil a n-aois éigeantach scoir faoi 70 faoi láthair.

Rachaidh seo i ngleic leis na deacrachtaí atá á bhfulaingt ag an ngrúpa státseirbhíseach seo a bhfuil riachtanas orthu éirí as agus iad 65 bliain d'aois ach nach bhfuil in ann Pinsean an Stáit (Ranníocach) a fháil go dtí go mbaineann siad 66 bliain d'aois amach. Freastalóidh sé freisin ar an ngrúpa daoine atá ag iarraidh bheith ag obair agus iad níos sine ná 65 bliain d'aois toisc go bhfuil siad aclaí agus folláin agus go mothaíonn siad gur féidir leo tairbhe a dhéanamh fós.

Teastóidh reachtaíocht phríomha leis an athrú seo a chur i gcrích. Iarradh ar Oifig an Ard-Aighne tosaíocht a dhéanamh de dhréachtú na reachtaíochta seo chun go dtiocfaidh an aois scoir éigeantach nua i bhfeidhm a luaithe agus is féidir. Tá an bille ag pointe ard ar liosta na reachtaíochta práinní atá le foilsiú i Seisiún Earraigh/Samhraidh 2018 agus tá an Roinn i dteagmháil Oifig an Ard-Aighne maidir le dréachtú an Bhille seo.

Aontaíodh socruithe eatramhacha chun freastal ar státseirbhísigh a bhaineann 65 bliain d'aois amach sa tréimhse idir cinneadh an Rialtais agus an t-am a dtosaíonn an reachtaíocht riachtanach agus ar mhian leo bheith ag obair fós. Ligeann siad do státseirbhísigh a bhaineann 65 bliain d'aois amach sa tréimhse sin dul ar scor agus a bheith ceaptha arís chun gur féidir leo bheith fostaithe fós go dtí go mbaineann siad aois Phinsean an Stáit amach, 66 bliain d'aois faoi láthair.

## An Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair a Riaradh

Bunaíodh Aonad Tionscadail don Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair i 2016 le Staidéar Féidearthachta a dhéanamh ar roghanna maidir le riaradh fadtéarmach a dhéanamh ar an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair, atá á riaradh ag tuairim is 350 fostóir. Tar éis an-chuid plé agus anailíse a dhéanamh, cuireadh an Staidéar Féidearthachta i gcrích go luath i 2017 le moltaí á gcur faoi bhráid an Rialtais le haghaidh faofa i Ráithe 2.

Tar éis Chinneadh an Rialtais, tá dul chun cinn déanta ar dhearadh riaracháin roinnte do chur i bhfeidhm na Scéime Singile san fhadtéarma agus leanfar den obair seo in 2018. San am céanna, tá réimse áiseanna forbartha le cabhrú le riarthóirí pinsin ar fud na seirbhíse poiblí. Mar chuid de seo, tá suíomh gréasáin don Scéim Shingil Pinsin nua saincheaptha eisithe, ar a bhfuil teacht ar theimpléid, ar threoirlínte agus ar uirlisí le aghaidh gach gné de riarachán pinsean. Tá clár cuimsitheach oiliúna deartha freisin, agus rinneadh modúl 1A theagasc trí 23 sheisiún oiliúna ar ar fhreastail 164 fhostaí i rith Cheathrú 4 de 2017. Leathfar oiliúint bhreise amach i rith 2018.

## Athbhreithniú Achtúireach ar Dhliteanais Phinsin na Seirbhísí Poiblí

Chuir an Roinn athbhreithniú achtúireach i gcrích ar dhliteanas fabhraithe go dáta (ADL) an Stáit maidir le pinsin oibre na seirbhísí poiblí in Éirinn mar a bhí ar 31 Nollaig 2015. Cuireadh an t-athbhreithniú i gcrích thar ceann na Príomh-Oifige Staidrimh a bhfuil sé de dhualgas uirthi dliteanais fhabhraithe gach scéime pinsin de chuid na hÉireann a chur isteach mar chuid den na Cuntais Náisiúnta, faoi Rialachán 549/2013 an AE.

Ríomhadh luach an ADL maidir le sochair scoir d'fhostaithe, do phinsinéirí agus do bhaill iarchurtha ag €114.5bn faoi fhoshuíomh phairteacht an phá, agus ag €97.2bn faoi fhoshuíomh mhéadú an phinsin de réir boilscithe sa todhchaí. Baineadh úsáid as cuid mhór sonraí de chuid ball aonair chun an luacháil seo a dhéanamh agus cuireadh saintréithe na rialacha agus na dteidlíochtaí san áireamh de réir earnála agus de réir scéime agus réamh-mheastacháin á ndéanamh.

## 4. Athnuachan na Státseirbhíse

### Plean Athnuachana na Státseirbhíse

Is clár mór chun athraithe don Státseirbhís é Plean Athnuachana na Státseirbhíse agus is é an fhís atá aige seirbhís den chéad scoth a chur ar fáil don Stát agus do mhuintir na hÉireann. Is é sprioc an phlean Státseirbhís a chruthú a bheidh níos aontaithe, níos freagrúla, níos oscailte agus níos freagraí. Éascóidh cur i bhfeidhm an Phlean an Straitéis Daoine; an Straitéis Dhigiteach agus TFC; an Clár um Sheirbhísí Roinnte agus an Straitéis um Chumarsáid Straitéiseach. I rith 2017, lean an Oifig Bainistíochta Chlár (PMO), atá lonnaithe sa Roinn, de bheith ag comhordú agus ag tiomáint chur i bhfeidhm an Phlean agus í: ag tacú le Bord Bainistíochta na Státseirbhíse, a dhéanann maoirsiú ar a sheachadadh; ag déanamh tuarascálacha rialta diana ar gach tionscadal, lena n-áirítear foilsiú an tríú tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn; ag déanamh méid shuntasach cumarsáide agus teagmhála le baill foirne go hinmheánach; agus ag obair leis na Bainisteoirí Tionscadail agus le hurraitheoirí an Ard-Rúnaí chun cur i bhfeidhm ghníomhartha an Phlean a bhainistiú.

### *An Tríú Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn*

Foilsíodh an Tríú Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn maidir le cur i bhfeidhm Phlean Athnuachana na Státseirbhíse i Meitheamh 2017. Tá an Roinn seo ag cur i bhfeidhm roinnt gníomhartha de chuid an Phlean go díreach agus leagtar amach a ndul chun cinn thíos.

### Rannpháirtíocht sa Státseirbhís

Tugadh faoi roinnt tionscnamh chun an chumarsáid agus an rannpháirtíocht sa Státseirbhís a fheabhsú chun tacú le cur i bhfeidhm an Phlean. Ina measc seo:

- rinneadh an dara Suirbhé riamh ar Rannpháirtíocht Fostaithe sa Státseirbhís i Meán Fómhair 2017 agus ghlac breis agus 21,300 státseirbhíseach ó 51 Roinn/Oifig páirt ann;
- bhí 9 nDíospóireacht Oscailte ar Pholasaithe ann in 2017, ina raibh líonraí polasaithe comhdhéanta de chleachtóirí, d'acadóirí agus de shaineolaithe ar réimse ceisteanna polasaithe, rud a thugann an líon iomlán imeachtaí go 47 ó cuireadh tús leis an gclár; agus
- bhí clár cumarsáide agus teagmhála ann le baill foirne ar fud na bliana, lena n-áirítear 9 n-imeacht Halla Baile do bhaill foirne ar fud na tíre agus eisíodh trí eagrán de Nuachtlitir Athnuachana na Státseirbhíse chomh maith le scéala a bhain leis an Suirbhé ar Rannpháirtíocht Fostaithe.

### Feabhas Ball Foirne a Aithint

Bhronn an tAire Airgeadais agus Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe na dámhachtainí ag an dara searmanas Dámhachtainí um Fheabhas agus um Nuálaíocht na Státseirbhíse a bhí ar siúl ar 27 Samhain. Bhain 10 dtionscadal as 75 ainmniúchán ar fud na Státseirbhíse dámhachtain. Aithníonn na dámhachtainí éachtaí státseirbhíseach agus cuireann siad i láthair samplaí de dhea-chleachtas agus de nuálaíocht i Ranna agus in Oifigí Rialtais.

### Bainistíocht Tionscadal

Leanadh de chlár oibre i rith na bliana chun feabhas a dhéanamh ar chumas bainistíochta tionscadal na Státseirbhíse faoi Ghníomh 17 de Phlean Athnuachana na Státseirbhíse. Bhí roinnt imeachtaí ag Líonra na mBainisteoirí Tionscadal lena n-áirítear a chomhdháil bhliantúil ar 21 Samhain ar an téama 'Cumas Bainistíochta Tionscadal a thógáil: léargais agus treochtaí'. Chabhraigh na Ceannairí Bainistíochta Tionscadal agus an tSeirbhís Chomhairle (PMLAS) chun eolas a chur ar fáil le Bunchúrsa Oiliúna sa Bhainistíocht Tionscadal a fhorbairt agus beidh sé ar fáil ó *OneLearning*. Leathfar an Líonra amach níos leithne sa Státseirbhís in 2018.

### Athbhreithniú Cumais Eagraíochta

Rinneadh Athbhreithniú Cumais Eagraíochta píolótach ar an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt in 2017. Mar chuid de, bhí agallaimh aghaidh ar aghaidh le bainisteoirí sinsearacha, ceardlanna le baill foirne agus teagmháil shuntasach le réimse gníomhaireachtaí agus páirtithe leasmhara. Cuireadh tús le hathbhreithniú eile a raibh modh leasaithe oibre aige in 2017 - ar an tSeirbhís Cúirteanna - agus an fhaisnéis bailithe faoi dheireadh na bliana.

## Tionscadail Pathfinder Iomlán an Rialtais

Cuireadh críoch leis na tionscadail Pathfinder don Chárta Seirbhísí Poiblí agus don Straitéis Náisiúnta Cibearshlándála agus an tríú hathbhreithniú déanta ar na tionscadail i nDeireadh Fómhair 2017 agus tá taifead déanta ar na torthaí foghlama. D'fhiosraigh foireann trasghníomhaireachta bealaí nuálacha chun gníomhaíocht iomlán an rialtais a bhaint amach maidir le meabhairshláinte ógánach agus táthar ag leanúint den obair leis an tionscadal a fhorbairt.

## Straitéis Acmhainní Daonna

Rinneadh dul chun cinn ar roinnt gníomhartha chun AD Straitéiseacha a fhorbairt sa Státseirbhís faoi Phlean Athnuachana na Státseirbhíse, lena n-áirítear straitéis Daoine nua a fhorbairt don Státseirbhís. Leagtar amach sonraí breise thíos.

### *AD a shuíomh mar Thiománaí Straitéise*

### Straitéis Daoine Forbartha don Státseirbhís

D'fhaomh Bord Bainistíochta na Státseirbhíse an Straitéis Daoine don Státseirbhís 2017-2020 i mBealtaine 2017 agus sheol an tAire go hoifigiúil í ar 17 Deireadh Fómhair 2017. Is Straitéis uileghabhálach AD don Státseirbhís í an Straitéis Daoine. Is é an sprioc atá aige cumas agus acmhainn AD straitéiseacha a threisiú níos faide ná 2020 agus tá sé eagraithe de réir trí mhórthosaíocht.

- A bheith mar Rogha Fostóra;
- Fórsa Oibre don Todhchaí a Thógáil; agus
- Bainisteoirí a Thógáil, Tacú leo agus Meas a Léiriú orthu agus iad ina bhForbróirí Daoine.

Tugann tosaíocht chumasaithe cúltaca do na tosaíochtaí seo:

- AD a shuíomh mar Thiománaí Straitéise

Tá Grúpa Comhairleach AD Straitéiseacha bunaithe agus tá Príomhoifigeach Acmhainní Daonna na Státseirbhíse ina chathaoirleach air. Bhí an chéad chruinniú de Ghrúpa Comhairleach AD Straitéiseacha ann ar 4 Deireadh Fómhair 2017. Is é cuspóir an ghrúpa tacaíocht a thabhairt do chur i bhfeidhm na Straitéise Daoine chomh maith leis an bplean gníomhaíochta a bhaineann léi agus í a chur chun cinn ar fud na Státseirbhíse ionas go mbainfear amach na torthaí.

### Bainistíocht Chaipitil Dhaonna

I rith 2017, cuireadh tús le tionscadal taighde le luacháil a dhéanamh ar roghanna oibriúcháin agus ar chuir chuige theicniúla chun Bainistíocht Chaipitil Dhaonna (HCM) a chur i bhfeidhm ar fud na Státseirbhíse. Tá sé d'aidhm ag an tionscadal tacar bunphrionsabal a leagan síos le cur i bhfeidhm AD oibríochta agus Párolla a fheabhsú agus chun clár um bainistiú athruithe a fhorbairt. Mar chuid den tionscadal - a bhfuil an Grúpa Stiúrtha Teicneolaíochta AD ina bhun - bhí cuid mhór comhairliúchán le páirtithe leasmhara ar fud na Státseirbhíse agus na Seirbhísí Poiblí agus le díoltóirí ardán/teicneolaíochta.

### Líonra Caidrimh idir Fostóirí agus Fostaithe

Éascaíonn an Líonra Caidrimh idir Fostóirí agus Fostaithe (ERN) an phiarfhoghlaim agus cuireann sé cur chuige comhoibríoch chun cinn maidir le cásanna AD a bhainistiú i bpobal AD na Státseirbhíse. Tá ceangal díreach ag an ERN le Gníomh 28 (Comhobair agus Foghlaim laistigh den Phobal AD a Fheabhsú) den *Straitéis Daoine don Státseirbhís 2017-2020*. Bhí ceithre sheisiún ann in 2017 agus iad ag díriú ar an bpromhadh agus ar an bhfreastal réasúnta. Ba dhearfach an t-aiseolas a fuarthas ó na meastóireachtaí a rinneadh tar éis na n-imeachtaí, mar shampla, as na bainisteoirí AD a thug freagra, d'aontaigh nó is mór d'aontaigh 82% díobh go raibh an méid a foghlaimíodh ag na seisiúin úsáideach agus go bhféadfaidís é a chur in úsáid ina ról.

### Polasaí um Ró-íocaíochtaí a Fhorchúiteamh
Eisíodh Polasaí leasaithe um Ró-íocaíochtaí a Fhorchúiteamh (agus é leagtha amach i gCiorclán 10/2017 Ró-íocaíochtaí Tuarastal, Liúntas, agus Speansas a rinneadh le Baill Foirne/Iarbhaill Foirne/Pinsinéirí a Aisghabháil) agus tá sé á chur i bhfeidhm ó 1 Bealtaine 2017.

## *Bheith mar Rogha Fostóra*
### Foghlaim agus Forbairt
Bunaíodh OneLearning, an Lárionad Foghlama agus Forbartha nua don Státseirbhís, in 2017. Bhí an chéad rang OneLearning ann ar 15 Meán Fómhair 2017. Go nuige seo, d'fhreastail breis agus 3000 fostaí ar ranganna a bhí ar siúl i 15 chontae i measc 34 Chomhlacht de chuid na Seirbhíse Poiblí.

Tar éis próiseas fála, síníodh conarthaí le naoi soláthróir oiliúna chun 63 chúrsa a fhorbairt i i gcomhpháirt leis an Státseirbhís. Tá 37 gcinn de na cúrsaí seo ar fáil do gach Státseirbhíseach agus níos mó le teacht i rith 2018 de réir mar a dhéanfar iad a fhorbairt. Tá Clár Ionduchtaithe don Státseirbhís inmheánach do gach fostaí úr forbartha agus tá sé á phíolótú san am i láthair. Aithníodh tairgeoir rathúil tar éis próiseas fála in 2017 do Chóras Bainistíochta Foghlama agus tá bailchríoch á cur ar na conarthaí san am i láthair. Tá dul chun cinn suntasach déanta maidir le Clár Scileanna sa Státseirbhís a fhorbairt chun go mbeifear ábalta iniúchtaí a dhéanamh ar Scileanna sa Státseirbhís nuair a bheidh an LMS curtha i bhfeidhm.

### Forbairt Iarchéimithe
Bhí 219 earcach ag leibhéal an Oifigigh Riaracháin agus ag leibhéal an Tríú Rúnaí páirteach i gClár Forbartha Iarchéimithe na Státseirbhíse. Teagascadh seo i gcomhpháirt le Think People Consulting, agus mar chuid de, chuir idir chleachtóirí seachtracha agus saineolaithe sa Státseirbhís a bhfuil taithí acu an oiliúint ar fáil.

### Seirbhís Chúnaimh d'fhostaithe na Státseirbhíse (CSEAS).
Cuireann an CSEAS leis an éifeachtúlacht eagraíochtúil agus í ag tabhairt seirbhísí ar bhonn réigiúnach, rud a chuireann sláinte agus folláine fostaithe chun cinn agus í ag cothú fórsa oibre miotalach. In 2017, bhain 14% de státseirbhísigh atá i mbun oibre úsáid as eolas agus tacaíocht CSEAS, bíodh sin aghaidh ar aghaidh (10%) nó ar an teileafón/ríomhphost le lárphointe teagmhála CSSAS (4%) maidir le réimse deacrachtaí pearsanta nó/agus oibre. Léiríonn na figiúirí seo go mbaintear leas leanúnach as an tseirbhís seo gach bliain.

Bhí an fócas dírithe ar sheirbhísí do bhainisteoirí líne ar siúl in 2017. In 2017, dhear agus theagasc CSEAS Ceardlann ar 'Fheasacht Féinchúraim do Bhaill Foirne AD' do réimse rannóg AD in oifigí éagsúla de chuid an rialtais. Teagascadh na ceardlanna seo chun an riachtanas maidir le tacaíocht dhírithe le aghaidh ball foirne a chur ar fáil.

Tá an CSEAS ag cur le treo straitéiseach an Chreata um Shláinte agus Folláine atá leagtha amach sa Straitéis Daoine don Státseirbhís (2017-2020).

## *Fórsa Oibre don Todhchaí a Thógáil*
### Pleanáil Straitéiseach Fórsa Oibre
Cuireann Ranna agus Oifigí cur chuige straitéiseach pleanála fórsa oibre i bhfeidhm chun cabhrú leo a gcumas chun seirbhísí a sholáthar a chothú agus a bharrfheabhsú sa chomhthéacs go bhfuil neart dúshlán ann, lena n-áirítear fórsa oibre atá ag dul in aois, déimeagrafaic náisiúnta dhúshlánach, modhanna úra maidir le seirbhísí a thabhairt agus na hionchais a thagann dá mbarr seo sa mheántéarma.

In 2017, lean an Roinn de bheith ag forbairt agus ag neadú choincheap na Pleanála Straitéisí Fórsa Oibre ar fud na Státseirbhíse agus an t-eolas agus na scileanna a thabhairt atá riachtanach chun an cumas pleanála a fheabhsú i ngach Roinn/Oifig. D'oibrigh an Roinn in éineacht le Ranna/hOifigí le hullmhúcháin a dhéanamh chun pleananna fórsa oibre 2017-2019 a fhorbairt, rud a tháinig mar gheall ar cheapadh Airí nua agus an riachtanas chun ráitis nua straitéise a fhorbairt.

## Earcú agus Ardú Céime

Mar chuid den Phlean Athnuachana, bhí gealltanas tábhachtach ann go dtreiseofaí an múnla chun acmhainní a chur ar fháil agus, chun a dhéanta seo, go n-osclófaí próisis earcaíochta agus ardaithe céime agus go leathfaí deiseanna gairme agus luaineachta. Ó osclaíodh an earcaíocht i nDeireadh Fómhair 2014, ceapadh 8,004 duine sa Státseirbhís, trí chomórtais oscailte, ar gach leibhéal, ó Oifigeach Cléireachais go Príomhoifigeach.

### *Scéim Luaineachta na Státseirbhíse*

Ceann amháin de réimse socruithe is ea Scéim Luaineachta na Státseirbhíse chun riachtanas Ghníomh 15 de Phlean Athnuachana na Státseirbhíse a chomhlíonadh (deiseanna gairme agus luaineachta a leathadh do bhaill foirne trasna teorannacha tíreolaíochta, eagraíochta agus earnála). Cruthóidh Scéim Luaineachta Iomlán na Státseirbhíse córas oscailte, cothrom, trédhearcach agus praiticiúil a éascóidh luaineacht éifeachtach ball foirne ar fud na Státseirbhíse agus deiseanna forbartha agus athlonnaithe á lorg fad a thacófar le riachtanais an ghnó.

Is ar bhonn céimnithe atá an scéim seo á cur i bhfeidhm. Seoladh Céim 1A den scéim ar 13 Deireadh Fómhair 2017 agus éascaíonn sí an luaineacht do ghráid ghinearálta an Oifigigh Cléireachais (OC) agus an Oifigigh Feidhmiúcháin (OF) sa Státseirbhís idir agus laistigh de 46 chrios. Is mór an tsuim atá léirithe sa scéim seo agus c.3,000 ball foirne (62% OC: 38% OF) tar éis cur isteach ar Luaineacht agus 7 rogha iarratais á ndéanamh acu, ar an meán, sa chéad trí mhí den scéim. Beidh cead ag Rannóga AD áitiúla deiseanna Luaineachta ó Chéim 1A den scéim seo a ofráil ó 15 Márta 2018.

Éascóidh céim 1B den scéim an luaineacht do ghráid ghinearálta an OC agus an OF sa Státseirbhís laistigh de chrios Bhaile Átha Cliath agus éascóidh céim 2 an luaineacht do ghráid ghinearálta an AOF, an OF agus an PC sa Státseirbhís. Tá na céimeanna seo á bhforbairt fós agus seolfar amach anseo iad.

### *Luaineacht Príomhoifigeach*

Cuireadh Polasaí Idir-Rannach um Luaineacht Príomhoifigeach i bhfeidhm i Meitheamh 2015. Go nuige seo, fógraíodh 58 phost mar Phríomhoifigeach agus líonadh 26 phost tríd an luaineacht. Níor líonadh 22 cheann agus tá 10 gcinn á meas fós.

## Éagsúlacht

Leanadh den obair chun gníomhartha a fhorbairt le tacú le cothromaíocht inscne a bhaint amach ag leibhéil shinsearacha na Státseirbhíse. Mar chuid de Phlean Athnuachana na Státseirbhíse, d'iarr an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais ar an ESRI staidéar a dhéanamh chun cúiseanna na neamhchothroime inscne sna leibhéil is airde den státseirbhís a imscrúdú. Tabharfaidh an staidéar seo bonn eolais d'fhorbairt gníomhartha chun cothromaíocht inscne a chur chun cinn sa Státseirbhís. Lena chois sin, sa *Straitéis Daoine don Státseirbhís 2017-2020* tá gealltanas ann chun polasaí nua éagsúlachta agus ionchuimsithe a fhorbairt. Tá sé seo i measc an dtionscnamh atá ar bun ag an Roinn chun ár ndualgas seirbhíse poiblí a chomhlíonadh mar atá foráilte faoin Acht faoi Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014

## Saineolas Proifisiúnta laistigh d'Fheidhmeanna Corparáideacha a Threisiú

In 2017, chuir Rannóg Acmhainní Daonna na Státseirbhíse tús le hobair ar Ghníomh 14 d'athnuachan na Státseirbhíse. Is é atá i gceist leis seo go dtabharfar rialachas agus comhordú maidir leis gclár proifisiúnaithe um Bainistiú Acmhainní Daonna, airgeadas agus TFC sa Státseirbhís agus chun a dhéanta seo, go dtreiseofar an saineolas proifisiúnta laistigh de na feidhmeanna corparáideacha seo. Tá an fhoireann Tionscadal ag leanúint de bheith ag obair le taobh Cheannasaithe Gairme na bhfeidhmeanna seo le cur i bhfeidhm a straitéisí proifisiúnaithe féin a éascú.

## *Bainisteoirí a chruthú, a thacú agus luach a chur leo mar Fhorbróirí Daoine* Seirbhís Phoiblí Shinsearach (SPS)

Foilsíodh an Straitéis Nua um Cheannaireacht a Fhorbairt 2017-2020 de chuid an SPS in 2017. Tá forálacha ann le haghaidh cur chuige níos comhtháithe chun Seirbhís Phoiblí Shinsearach a fhorbairt mar chaidre comhaontaithe ceannaireacht, trí thionscnaimh chothrománacha a chuimsiú lena n-áirítear Straitéis Daoine sa Státseirbhís, bainistíocht talainne agus próiseas nua chun feidhmíocht a bhainistiú ag leibhéil shinsearacha.

In 2017, lean Rúnaíocht an SPS ag tacú le forbairt cohóirt de cheannairí sinsearacha trí Oiliúint Fheidmeanna, Goghluaisteacht Rúnaí Chúnta, ócáidí líonraithe agus foghlaim shaincheaptha agus próisis nua chun feidhmíocht a bhainistiú ar leibhéil shinsearacha. In 2017, áiríodh leis seo:

- 56 rannpháirtí sa chuid is déanaí d'Oiliúint Fheidhmeanna;
- 5 ócáid Líonraithe do Rúnaithe Cúnta agus Comhdháil Bhliantúil; agus
- Clár nua meantóireachta dírithe ar thacaíocht a sholáthar do Rúnaithe Cúnta nuacheaptha agus Príomhoifigigh atá ag tabhairt faoin chlár Ceannaireachta Feidhmeannaí.

Lean Rúnaíocht an SPS ag bainistiú an phróisis shoghluaisteachta le haghaidh bhaill an SPS agus fógraíodh 10 bpost le haghaidh Rúnaithe Cúnaithe in 2017.

### Saoire Bhreoiteachta sa tSeirbhís Phoiblí

D'fhoilsigh an Roinn staitisticí do Scéim Saoire Breoiteachta na Seirbhíse Poiblí do 2016 agus is taifead iad ar an tionchar a bhí ann maidir le hathchóiriú tras-earnála ar shaoire bhreoiteachta sa tSeirbhís Phoiblí. Taispeánann Staitisticí maidir le Saoire Bhreoiteacht sa tSeirbhís Phoiblí do 2016 gurb é an ráta saoire breoiteachta 4.1% agus ar an meán glacadh 8.9 lá oibre in aghaidh gach cóibhéise lánaimseartha, is ionann seo agus méadú ó 2015 agus, dá réir, ina chúis imní. Tá an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ag déanamh monatóireachta ar shaoire bhreoiteachta ar fud na seirbhíse poiblí ar bhonn leanúnach, agus tá foghrúpa de Bhord Bainistíochta na Státseirbhíse curtha ar bun acu le plé le neamhláithreacht i mbliana. Bhí, mar sin féin, coigiltis shuntasacha ann de thoradh ar an scéim, le €137.8 milliún de choigilteas carnach ó 2013 i leith. Tá athbhreithniú ar Scéim Saoire Breoiteachta na Seirbhíse Poiblí curtha i gcrích agus tá comhairliúcháin le hionadaithe foirne ar fud na Státseirbhíse ar siúl maidir le hathruithe a thabhairt isteach ar an Scéim a bhfuil d'aidhm acu a feidhmiú agus a cothromas a fheabhsú.

### Feidhmíocht a Neartú

Cuireann Straitéis Daoine na Státseirbhíse creatlach láidir ar fáil trína mbeidh Rannóg AD na Státseirbhíse ag obair le hAonaid AD agus bainisteoirí ag gach leibhéal ar fud na Státseirbhíse le béim a chur in athuair ar ról daoine an bhainisteora. Tugadh isteach an próiseas athbhreithnithe do ghráid na Seirbhíse Poiblí Sinsearaí (seachas Ard-Rúnaí) in 2016, agus lean rúnaíocht na Seirbhíse Poiblí Sinsearaí á riaradh agus ag tacú leis le linn 2017. Cuireann an próiseas seo béim láidir ar fheasacht an tsealbhóra poist ar láidreachtaí agus réimsí forbartha pearsanta agus a ról ag forbairt na ndaoine atá á mbainistiú acu.

Rolladh amach an próiseas athbhreithnithe bliantúil ar Fheidhmíocht d'Ard-Rúnaithe ina iomláine in 2017. Rinne an Grúpa Athbhreithnithe Feidhmíochta maoirseacht ar an bpróiseas, ina bhfuil ball de Bhord Cuntasaíochta na Státseirbhíse, Ard-Rúnaí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus an tArd-Rúnaí don Rialtas. Tuairisceoidh an Grúpa Athbhreithnithe Feidhmíochta do Bhord Cuntasaíochta na Státseirbhíse i bhfeidhmiú an phróisis fhoriomláin. Tacaíonn Rúnaíocht na Státseirbhíse Sinsearaí, atá bunaithe sa Roinn, leis an bpróiseas seo freisin.

### *Polasaí i leith Tearcfheidhmíochta agus Oiliúint ar Bhainisteoirí Líne*

Tugadh isteach Polasaí Bainistíochta Tearcfheidhíochta nua agus Cód Smachta nua isteach don Státseirbhís in 2016. I gcomhthéacs iad seo a rolladh amach, cuireadh le bainisteoirí líne a oiliúint i bhfeidhm ar fud na

Státseirbhíse i bhFeabhra 2017 agus faoi dheireadh na bliana bhí oiliúint curtha ar bheagnach 9,500 bainisteoir líne. Leanfaidh an oiliúint seo ar aghaidh in 2018 agus táthar ag tnúth leis go gcuirfear oiliúint ar 3,500 (beagnach) bainisteoir líne.

Príomhthionscnamh faoin Straitéis Daoine le linn 2017 ab ea lárionad saineolais píolótach a fhorbairt le tacaíocht agus comhairle a thairiscint d'Aonaid AD ar na hábhair Saoire, Smacht, Tearcfheidhmíocht, Casaoid, Dínit ag Obair agus Promhadh. Tá na Ranna Talmhaíochta, Bia agus na Mara, Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte ag glacadh páirte sa lárionad saineolais píolótach, atá á chur i bhfeidhm le linn 2018.

### *Ceannaireacht Feidhmiúcháin*

Le linn 2017 rinneadh píolótú ar dhá chlár forbartha struchtúrtha don tSeirbhís Phoiblí Shinsearach, bunaithe ar phrionsabail bhainistíochta tallainne. Cuireadh an dá chlár a lainseáladh i gcrích i rith 2017, le 20 rannpháirtí ag leibhéal na Seirbhíse Poiblí Sinsearaí agus 40 rannpháirtí ag leibhéal PO, ionadaíoch ar réimse leathan Ranna agus Oifigí Rialtais.

# 5. Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí

## Ár Seirbhís Phoiblí 2020

Forbraíodh Ár Seirbhís Phoiblí 2020, a foilsíodh i Nollaig 2017, le hionchur ó réimse leathan foinsí, lena n-áirítear an pobal agus searbhóntaí poiblí. Tá sé ceaptha le tabhairt faoi na príomh-shaincheisteanna a tarraingíodh anuas trí chomhairliúchán. Tugann an chreatlach struchtúr le hathruithe a chur i gcrích faoi 2020 agus níos faide anonn. Aithníonn sé 18 ngníomh le cur i bhfeidhm le torthaí níos fearr a sholáthar don phobal agus le seirbhís phoiblí fhreagrúil agus aclaí. Tá an chreatlach bunaithe ar thrí cholún:

- Ag cur i gcrích dár bpobal;
- Ag nuáil dár dtodhchaí;
- Ag forbairt ár bpobail agus eagraíochtaí.

Tá béim láidir in *Ár Seirbhís Phoiblí 2020* ar an nuálaíocht agus ar a bheith ag obair go comhoibriúil agus ag obair níos fearr ar fud an rialtais go léir. Cuireann an chreatlach béim ar a thábhachtaí is atá soláthar digiteach agus sonraí le héifeachtúlacht níos mó a bhaint amach. Tá fócas láidir ann chomh maith ar eagraíochtaí agus daoine le gníomhartha i réimsí mar acmhainní daonna straitéiseacha, rannpháirtíocht fostaithe, bainistíocht feidhmíochta, agus cultúr agus luachanna. De réir mar a chuirfimid *Ár Seirbhís Phoiblí 2020* i bhfeidhm cinnteoimid go gcuireann an tseirbhís phoiblí san áireamh dualgas na seirbhíse poiblí i soláthar seirbhísí agus conas a théann sé i ndáil leis an saoránach. Chomh maith leis sin tá fócas i bhfad níos mó ar fíorathrú agus torthaí a bhain amach, agus cuireadh Aonad Measúnaithe Athchóirithe ar bun in 2017 le tacú leis seo. Cinnteoidh an t-aonad chomh maith naisc níos láidre idir caiteachas agus athchóiriú.

D'fhoilsigh an Oifig um Athchóiriú agus Seachadadh Tuairisc ar Dhul Chun Cinn an Phlean um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí 2014-16 i mi Iúil 2017 in éineacht le Measúnú EDFE ar an bPlean um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí 2014-2016 (PASP 2014-2016). Nótáil an Measúnú go raibh an PASP 2014-16 den chuid ba mhó rathúil maidir leis an gcuid is mó de na gníomhartha a leag sé amach. D'aithin sé chomh maith príomhphointí foghlama don todhchaí agus cuireadh iad seo san áireamh nuair a bhíothas ag cur le chéile *Ár Seirbhís Phoiblí 2020*.

Ag an am céanna leis an dá fhoilseachán lainseáladh comhairliúchán poiblí ar an gcéad chéim eile d'athchóiriú na seirbhíse poiblí a chuidigh le forbairt Ár Seirbhís Phoiblí 2020. Foilsíodh dhá chás-staidéar ar an athchóiriú i mí Iúil chomh maith (ar INTREO agus ar an Oifig um Sholáthar Rialtais) agus foilsíodh cás-staidéar eile ar Tusla i Meán Fómhair 2017.

## *Tuairisc an Fhorais Riaracháin ar Threochtaí Earnála 2017*

Bhí a lán tátal dearfach ag Tuairisc an Fhorais Riaracháin ar Threochtaí 2017 ar fheidhmíocht sheirbhísí poiblí na hÉireann, lena n-áirítear:

- Tá Riarachán Poiblí na hÉireann sa chéad áit in 28 na hEorpa mar gheall ar a bheith ar an gceann is gairmiúla agus an ceann is lú politithe;
- Tá Éire sa 6ú háit in 28 na hEorpa maidir le caighdeán a riaracháin phoiblí (scór measartha seasmhach le trí bliana anuas); agus
- Tá Éire sa 5ú háit in EU28 na hEorpa i rátáil braistíntí go gcuirtear cinntí Rialtais i bhfeidhm go héifeachtach.

## Comhdháil um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí

D'fhreastail timpeall 400 toscaire thar ceann 105 eagraíocht fud fad na seirbhíse poiblí ar an gComhdháil um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí in The Printworks, Caisleán Bhaile Átha Cliath i Meán Fómhair 2017. Bhí an chomhdháil comhdhéanta de thrí sheisiún chomhthreomhara mar ar chuir 11 chainteoir i láthair taithí agus léargas ó fud fad na seirbhíse poiblí maidir le nuálaíocht, measúnú agus cúrsaí digiteacha agus sonraí.

## Seirbhís ar Ardchaighdeán do Chustaiméirí

Le seirbhís ar ardchaighdeán do chustaiméirí a chur ar fáil ar fud na Státseirbhíse thionóil an Oifig um Seachadadh Athchóirithe sa Roinn trí chruinniú de Líonra na Oifigeach um Sheirbhís ar Ardchaighdeán do

Chustaiméirí in 2017, agus d'eagraigh siad an chomhdháil bhliantúil um Sheirbhís do Chustaiméirí i mí na Nollag 2017.

Foilsíodh Foireann Uirlisí Custaiméirí don tSeirbhís Phoiblí i mí an Mheithimh 2017. D'fhorbair an Líonra Oifigeach um Sheirbhís ar Ardchaighdeán do Chustaiméirí an fhoireann uirlisí i gcomhar leis an Lárionad um Fheabhas agus Dearadh Uilíoch. Áirítear leis treoir ar phrionsabail ghinearálta um stíl scríofa, cumarsáid bhriathartha agus neamhbhriathartha, dearadh foirmeacha agus doiciméad, inneachar gréasáin agus meán sóisialta agus conas fógraí a chur ar taispeáint. Cuirfidh an Oifig um Athchóiriú agus Seachadadh an fhoireann uirlisí chun cinn trí í a óstú ar Thairseach na hOifige um Athchóiriú agus í a scaipeadh go forleathan ar fud na seirbhíse poiblí.

Fuair torthaí an tSuirbhé ar Shástacht Ghinearálta Custaiméirí leis an Státseirbhís 2017 go bhfuil leibhéil fhoriomlána sástachta le soláthar seirbhísí agus torthaí ar na cinn is airde go dáta. Bhí 83% de chustaiméirí sásta leis an tseirbhís a fuarthas (suas ó 76% in 2015). Bhí 82% sásta le toradh a dteagmhála ba dheireanaí (suas chomh maith ó 76% in 2015), agus dúirt 87% go bhfuil leibhéil seirbhíse ag baint amach nó ag sárú a rabhthas ag tnúth leis (suas ó 83% in 2015).

## Uathoibriú Próisis Gnó

Rinne an Oifig um Athchóiriú agus Seachadadh píolótú rathúil ar uathoibriú próisis gnó ar fud ceithre Roinn/Oifig Rialtais ar feadh 2017. Rinne an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe páirturraíocht chomh maith ar thionscadal píolótach um uathoibriú próisis gnó sa Lárionad Comhsheirbhíse Íocaíochta Cabhrach Tithíochta i gComhairle Cathrach agus Contae Luimigh, a bhfuiltear ag tnúth lena chur i bhfeidhm faoi Mháta 2018.

## Benefacts

Comhchiste na Roinne agus Chiste na hÉireann Benefacts. Tá Benefacts fós ag cur ar fáil seirbhís ar ardchaighdeán maidir le tiomsú, rangú, glanadh agus tuairisciú sonraí rialála ar an earnáil sheachbhrabúsach ar fad. Cuirtear an t-eolas seo ar fáil don phobal trí bhunachar sonraí ar líne atá éasca a chuardach. Cuireann Benefacts ar fáil comhad Sonraí Oscailte freisin.

## Oscailteacht, Trédhearcacht agus Cuntasacht

In 2017 lean an Roinn ar aghaidh lena gclár athchóirithe dírithe ar rialtas oscailte, cuntasach agus eiticiúil a chur ar fáil.

### *Comhpháirtíocht um Rialtas Oscailte*

Tá na gealltanais aonair sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta maidir le Comhpháirtíocht um Rialtas Oscailte 2016-2018 ar sprioc lena gcur i gcrích faoi dheireadh chreatlach ama an Phlean i Meitheamh 2018 agus tá siad seo dírithe ar chuspóirí na Comhpháirtíochta um Rialtas Oscailte a chur ar aghaidh. As na cúig ghealltanas déag sa phlean tá ceann amháin curtha i gcrích, tá sé cinn a bheag nó a mhór curtha i gcrích, tá cur i gcrích sé cinn acu teoranta agus níl dhá cheann acu tosaithe. Tá tuairiscí mionsonraithe ar chur i bhfeidhm gach gealltanais ar fáil ar Thairseach Chomhairliúcháin na hOifige um Sholáthar Rialtais.

### *Sonraí Oscailte*

Le linn 2017 lean obair ar aghaidh ar chur i bhfeidhm an Tionscnaimh um Sonraí Oscailte lena mbaineann an fhéidearthacht go leanfaidh uaidh riarachán níos oscailte, trédhearcaí agus cuntasaí agus buntáistí móra. Le linn 2017 rangaíodh Éire sa chéad áit ar fad maidir le hAibíocht i leith Sonraí Oscailte ar fud 28 dtír an AE a measúnaíodh i dtuairisc leis an gCoimisiún Eorpach. Tógadh an tomhas ar dhá phríomhtháscaire - Ullmhacht do Shonraí Oscailte agus Aibíocht Tairsí. Fuair an tairseach um shonraí oscailte Gradam ríomhsheirbhísí Rialtais freisin in 2017

Ag deireadh 2017 bhí naisc sa tairseach um shonraí oscailte chuig timpeall 4,800 tacar sonraí ó 100 foilsitheoir. Cuireadh i bhfeidhm le linn na bliana comhaontú creatlaí um sholáthróir aonair le hoiliúint Sonraí Oscailte a chur ar fáil agus thosaigh rolladh amach oiliúint sonraí oscailte do chomhlachtaí poiblí ina dhiaidh sin i Meán Fómhair. Cuireadh creatlach ilsoláthróirí le haghaidh tacaíocht theicniúil sonraí oscailte i bhfeidhm chomh maith le cuidiú le comhlachtaí poiblí i réimsí mar ghlanadh sonraí, anaithnidiú sonraí etc.

Tar éis rath phíolótú 2016, lainseáladh Ciste Rannpháirtíochta Sonraí Oscailte do 2017/2018 i nDeireadh Fómhair le húsáid tacar sonraí a chur chun cinn ar an tairseach um shonraí oscailte. Fuarthas 24 iarratas ar fad agus íocadh €30,000 de mhaoiniú leis na 13 iarratasóir rathúla. Ghlac an Roinn páirt i roinnt comhdhálacha agus seimineár le linn na bliana.

## Bearta Reachtaíochta agus Rialachais Phoiblí

### *Saoráil Faisnéise*

Tugadh Acht um Shaoráil Faisnéise 2014 nua-aoisithe, comhdhlúite agus níos inrochtana isteach i nDeireadh Fómhair 2014. Rinne an tAire rialúchán, SI 53/2017, maidir le haicme daoine atá in ann cineálacha áirithe iarratas a dhéanamh.

I rith 2017 thug an Láraonad Polasaí um shaoráil faisnéise sa Roinn tacaíocht agus comhairle do shaorálaithe agus do thimpeall 600 comhlacht um shaoráil faisnéise trína dheasc cabhrach. Rinne sé cathaoirleacht ar 8 gcruinniú den Líonra um Shaoráil Faisnéise, rinne sé cur i láthair ag roinne comhdhálacha agus ócáidí oiliúna, d'fhorbair treoirlínte nua agus chothabháil agus nuashonraigh an t-inneachar ar an suíomh gréasáin um shaoráil faisnéise. Bhí creatlach ilsoláthóirí, ag cur ar fáil oiliúint chomhsheasmhach agus chuí d'oifigigh um shaoráil faisnéise, lucht déanta cinntí agus athbhreithneoirí inmheánacha, fós ag feidhmiú. Tá 8,500 rannpháirtí ar fad anois oilte faoin socrú creatlaí seo.

### *Nochtadh Cosanta*

Tugann an tAcht um Nochtadh Cosanta, a d'fhorbair an Roinn agus a achtaíodh in 2014, réimeas aonair uileghabhálach atá infheidhmithe go ginearálta le haghaidh cosaint oibrithe a dhéanann nochtadh cosanta (seachas an cur chuige earnáil go hearnáil a bhí ann roimhe). In 2017 d'oibrigh an Roinn leis an Oifig um Sholáthar Rialtais le comhaontú creatlaí ilsoláthróirí a fhorbairt le seirbhísí oiliúna a chur ar fáil do bhaill foirne i gcomhlachtaí poiblí maidir le feidhmiú an Achta um Nochtadh Cosanta agus chomh maith leis sin le haghaidh seirbhísí a bhaineann le nochtadh cosanta a fháil agus a fhiosrú do chomhlachtaí poiblí. Ritheadh an comórtas le haghaidh na creatlaí seirbhísí oiliúna i samhradh 2017 agus cuireadh an chreatlach i bhfeidhm i Lúnasa. Thosaigh an comórtas le haghaidh na creatlaí seirbhísí fála agus fiosraithe i Nollaig 2017 agus bronnfar conarthaí in 2018.

Thosaigh athbhreithniú reachtúil ar fheidhmiú an Achta in Iúil 2017, trí bliana tar éis an achtaithe. Lorgaíodh aighneachtaí trí phróiseas comhairliúcháin poiblí, a raibh de thoradh air 25 aighneacht a bheith faighte, ar tháinig 16 acu ó chomhlachtaí poiblí. Bhí cruinnithe ann chomh maith le roinne príomhpháirtithe leasmhara. Éilíonn an tAcht an t-athbhreithniú a bheith i gcrích faoi Iúil 2018.

### *Brústocaireacht a Rialáil*

Bhunaigh an tAcht um Brústocaireacht a Rialáil 2015 clár imeachtaí brústocaireachta gréasánbhunaithe le trédhearcacht chuí ar "cé atá ag déanamh teagmhála le cé mar gheall ar cad é". Ceanglaítear ar bhrústocairí clárú agus a dtuairisceáin a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifig Phoiblí má bhíonn siad páirteach in imeachtaí brústocaireachta, le tuairisceáin ag teastáil gach 4 mhí. Cuireadh díreach os cionn 21,000 tuairisceán isteach chuig an gclár brústocaireachta agus chláraigh níos mó ná 1,700 duine agus eagraíocht ar an gclár brústocaireachta.

Thug an Roinn faoin gcéad athbhreithniú ar fheidhmiú an Achta um Brústocaireacht, ina n-áirítear próiseas comhairliúcháin poiblí. Foilsíodh a Tuairisc ar an athbhreithniú in Aibreán 2017 agus tá sí curtha isteach chuig an Oireachtas. Tosóidh an chéad athbhreithniú eile in 2019.

### *Reachtaíocht um Chomhroinnt agus Rialáil Sonraí*

Is tosaíocht é comhroinnt níos fearr sonraí ar fud Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí de Chlár Rialtais 2011-2016, den Phlean um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí 2014-2016 agus Straitéis TFC na Seirbhíse Poiblí. D'aontaigh an Rialtas reachtaíocht a ullmhú le comhroinnt sonraí a chur chun cinn agus a spreagadh idir comhlachtaí poiblí trí chreatlach reachtúil a chur ar fáil le haghaidh comhroinnt sonraí ar son cuspóirí

dlisteanacha agus sonraithe go soiléir atá comhlíontach le dlí cosanta sonraí, agus le cosaint ceart príobháideachais an duine aonair trí chaighdeáin nua rialála a shocrú le haghaidh comhroinnt sonraí ag comhlachtaí poiblí.

Rinne Comhchoiste an Oireachtais ar Airgeadas, Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú agus an Taoiseach Scrúdán réamhreachtaíochta an ar an mBille i mBealtaine 2017 agus d'eisigh an Coiste a thuairisc i mí Iúil. Tá obair go maith chun cinn ar dhréachtú an Bhille, a mbeidh do bhonn eolais aige tátail agus moltaí i dtuairisc an Choiste. Caithfidh an Bille forálacha Rialúchán Cosanta Sonraí Ginearálta an AE, a foilsíodh in Aibreán 2016 agus a thagann in éifeacht ar an 25 Bealtaine 2018, a chur san áireamh chomh maith. Táthar ag tnúth leis go bhfoilseofar an Bille i mí Aibreán 2018 agus cuirfear tús lena phasáiste tríd an Oireachtas láithreach ina dhiaidh sin.

### *Caighdeáin san Earnáil Phoiblí*

Chríochnaigh an Bille um Chaighdeáin san Earnáil Phoiblí 2015, a foilsíodh in mí na Nollag 2015, an Dara Céim sa Dáil in Eanáir 2016. Thosaigh an Céim Coiste den Bhille i mí Aibreán 2017 agus táthar ag tnúth leis go n-achtófar an Bille in 2018.

Tá d'aidhm ag an mBille an chreatlach reatha le coimhlintí leasa a aithint, a nochtadh agus a bhainistiú a fheabhsú go suntasach agus rioscaí éillitheachta a íoslaghdú ar fud na hearnála poiblí, le bogadh a bhaint amach i dtreo córas comhlíontachta atá níos dinimiciúla agus riosca-bhunaithe agus lena chinntiú go bhfuil an chreatlach institiúideach le haghaidh maoirseachta, fiosrúcháin agus forfheidhmiú láidir agus éifeachtach. Comhdhlúthaíonn an Bille an chreatlach reachtúil reatha atá ag rialú na n-oibleagáidí eiticiúla atá ag oifigigh phoiblí agus tugann sé éifeacht do mholtaí Bhinsí Fiosrúcháin Mahon agus Moriarty.

### Teagmháil le hEagraíochtaí Idirnáisiúnta

Chuir an Roinn le freagairt na hÉireann ar mheasúnaithe agus ar thionscnaimh a chuirtear chun cinn trí Choinbhinsiún an AE i gcoinne na héillitheachta, Meithleacha Oibre EDFE ar Bhreabaireacht agus ar Ionracas Poiblí, agus Grúpaí Stáit Chomhairle na hEorpa i gcoinne na hÉillitheachta.

### Cód Caighdeán agus Iompraíochta do Chomhairleoirí Speisialta

De réir an Phlean um Athnuachan na Státseirbhíse, forbraíodh Cód Caighdeán agus Iompraíochta do Chomhairleoirí Speisialta, faoi threoir Bhord Bainistíochta na Státseirbhíse, agus i gcomhairliúchán leis an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifig Phoiblí. Táthar ag tnúth leis a bheith foilsithe in 2018.

# 6. Rialtas Digiteach

## Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais

Glacann Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais an cheannaireacht ar fheidhmiú Straitéis TFC na Seirbhíse Poiblí a thiomáint chun cinn, ag obair le Ranna agus gníomhaireachtaí eile ar fud na Seirbhíse Poiblí. Tar éis faomhadh an Rialtais ar an Straitéis ríomhsheirbhísí Rialtais 2017-20, is é Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais an príomhghníomhaireacht chomh maith maidir lena chur i bhfeidhm a thiomáint chun tosaigh.

Tá Príomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais ina chathaoirleach ar an mBord Comhairleach um TFC ar a bhfuil Príomh-Oifigigh Faisnéise Ranna agus Ceannairí TFC, le maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmiú Straitéis TFC na Seirbhíse Poiblí agus go háirithe ar fheidhmiú an Phlean Gníomhaíochta 18 gcéim a comhaontaíodh in 2016. Tuairiscíonn Príomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais freisin ag tréimhsí rialta do Bhord Bainistíochta na Státseirbhíse le hiad a choinneáil nuashonraithe ar dhul chun cinn.

Chomh maith le teagmhálacha díreacha earnála, d'óstaigh Príomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais chomh maith an chéad seisiún de ghrúpa ó fud fad na seirbhíse poiblí le níos mó deiseanna a bhunú le haghaidh comhoibriú agus fhorfheidhmiú na Straitéise.

Chomh maith leis an dá straitéis a fhorfheidhmiú, is é Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais an páirtí seachadta seirbhísí TFC don Roinn, lena n-áirítear an Oifig Náisiúnta Comhsheirbhísí agus an Oifig Soláthair Rialtais, chomh maith leis an Roinn Airgeadais. I rith 2017, lean Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais ar aghaidh ag forbairt agus ag feabhsú seirbhísí TFC de réir riachtanais na n-eagraíochtaí seo a fhad is gur lean siad ar aghaidh ag méadú. Cuireann Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais ar fáil anois croísheirbhísí TFC do 2,000 úsáideoir ar 20 láthair ar fud na tíre, chomh maith le tacaíocht líne gnó agus comhairle ardleibhéil TFC a chur ar fáil don Roinn agus don Roinn Airgeadais.

I measc roinnt príomh-bhuaicphointí ó chlár oibre inmheánach Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais le linn 2017 tá:

- Mar gheall ar chonradh nua le haghaidh seirbhísí nua teileafónaíochta móibílí tá praghsáil níos fearr agus tá na bearta slándála feabhsaithe maidir le bainistiú agus tacú d'fhóin phóca na Roinne. Chomh maith leis sin, mar gheall ar an gconradh nua seo a thabhairt isteach éascaíodh ionadú gach fón póca gan tacú le gléasanna nua atá éifeachtach ó thaobh costais agus a bhfuil tacaíocht iomlán acu;
- Mar gheall ar Réiteach le haghaidh Seirbhísí Priontála Bainistithe ar fud na heagraíochta baineadh amach costais phriontála ar an iomlán mar gheall ar chuíchóiriú na ngaireas priontála agus luchtú ar chliceáil amháin is cuma cén gaireas atá ann. D'fheabhsaigh sé chomh maith bearta slándála maidir le doiciméid rúnda a eisiúint, coigiltis fuinnimh ar an iomlán a fheabhsú agus tugann sé níos mó solúbthachta priontála don fhoireann;
- Cuireadh tús leis an tionscadal Uasghrádaithe Bonneagair WiFi. Tugann an feabhsú seo clúdach agus soghluaisteacht níos fearr, feabhsaíonn sé slándáil agus feidhmíocht agus éascaíonn sé níos mó úsáideoirí comhthráthacha;
- Mar gheall ar an gclár athnuachana ríomhairí rinneadh cinnte de go ndearnadh gach ríomhaire a bhfuil a ré caite a dhíchoimisiúnú agus a ionadú le ríomhairí nua a bhfuil tacaíocht iomlán acu; agus
- Tacaíonn Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais le seachadadh seirbhíse digití agus tionsnamh nuálaíochta ar fud na Seirbhíse Poiblí trí raon polasaithe TFC a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm; tá maoirseacht acu ar chaiteachas a bhaineann le TFC ag Ranna agus gníomhaireachtaí lena chinntiú go bhfuil seo ailínithe leis an Straitéis TFC; agus déanann siad ionadaíocht ar son na hÉireann ag leibhéal AE maidir le TFC na seirbhís poiblí, ríomhsheirbhísí an Rialtais, agus meithleacha oibreacha príomhoifigigh faisnéise agus fóraim.

## Príomhéachtaí Straitéis TFC na Seirbhíse Poiblí 2017

Bhí an Plean Gníomhaíochta 18 gcéim le cur i bhfeidhm Straitéis TFC PS a thiomáint chun cinn mar thoradh ar chomhoibriú idir Príomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais agus Príomh-Oifigigh Faisnéise ranna agus Ceannairí TFC agus tugann sé chun cinn na cúig théama straitéiseacha den straitéis: Tógáil le Comhroinnt, Digiteach ar dTús, Sonraí mar Chumasóir, Rialachas a Fheabhsú, agus Cumas a Mhéadú. Baintear amach dul chun cinn maith i gcónaí maidir leis an bPlean Gníomhaíochta agus an Straitéis a chur i gcrích, a bhfuil

de bhuntaca acu anois chomh maith Straitéis ríomhsheirbhísí an Rialtais 2017-2020 a lainseáladh i mí Iúil 2017. Leagtar amach raon leathan tionscnamh atá ar bun thíos.

### *Tógáil le Comhroinnt*

Cuireadh an cruthú coincheapa don réiteach príobháideach le haghaidh **Néal Rialtais** i gcrích go rathúil le linn 2017. Bogfaidh an tionscadal anois ar aghaidh go dtí an chéim phíolótach in 2018. Mar gheall ar an tseirbhís phríobháideach Néal Rialtais ní bheidh ar ranna níos lú agus gníomhaireachtaí tacú le na léibhinn chrua-earraí féin agus chomh maith leis sin tairbhe a bhaint as deiseanna le luach an chrua-earra a uasmhéadú trí chomhroinnt agus athúsáid. Chomh maith leis sin tá deis le bonneagar a chomhroinnt maidir le hIonad Sonraí don tSeirbhís Phoiblí á chur chun cinn faoi láthair.

Tá pleananna go maith chun cinn le múnlaí nua a fhorbairt le **Comhsheirbhísí Bairr Deisce TFC** a sheachadadh agus le tionscadail a chur san áireamh le sraitheanna rialachais, teagmhála agus maoirseachta den chleachtas is fearr a chur i bhfeidhm. Beidh an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail ar an gcéad chustaiméir den tseirbhís nua seo in 2018.

Rinneadh an staidéar leis na modhanna is fearr a shocrú le hionad sonraí don tSeirbhís Phoiblí a choimisiúnú a shásódh rioscaí oibriúcháin reatha agus fás agus éileamh amach anseo ó Chomhlachtaí Seirbhíse Poiblí a chur i gcrích in R1 2017. Tá tacaíocht á fáil ag an gcás gnó a mholann **Comhionad Sonraí Rialtais** a thógáil, le hionaid sonraí rialtais reatha a chomhlánú, ó Bhord Bainistíochta na Státseirbhíse agus in R4, thosaigh an Roinn réamhtheagmhálacha le hOifig na nOibreacha Poiblí ag cur ar fáil míreanna deartha ardleibhéil an Ionaid Sonraí seo.

Cuireann **Líonraí Rialtais** ar fáil na seirbhísí líonra do ghlór, físeán agus sonraí ar ghrád iompróra ar ardluas is éifeachtaí ó thaobh costais, is athléimní, do gach Comhlacht Seirbhíse Poiblí agus cumasaíonn sé nascacht idirghníomhaireachta. In 2018 leathnóidh Líonraí Rialtais soláthar líonraí ar ardluas agus ar ardchumas go bailte níos lú a bhraith roimhe seo ar naisc ar chumas níos ísle.
Tá rochtain ag Comhlachtaí Seirbhíse Poiblí i dtimpeall 56 bhaile agus cathair timpeall na tíre anois ar nascacht líonra athléimneach ar ardluas agus tá an rolladh amach ag dul ar aghaidh ar fud na tíre agus tá timpeall 300 nód líonra ann. Ligfidh an líonra seo do Chomhlachtaí Seirbhíse Poiblí bonneagar nua Néal an Rialtais atá faoi láthair sa chéim a bhaineann le réamhdhearadh píolótach agus feidhmiú a ghiaráil.

Aithníodh sa Straitéis forbairt lárnach **Comhionaid Iarratas** le húsáid ag gach Roinn mar dheis le héifeachtúlachtaí agus coigiltis a thiomáint. Tá an Comhionad Iarratas á chruthú féin mar thionscnamh an-rathúil agus tá an stádas reatha mar seo a leanas:

- Tá Ríomhaighneachtaí, córas le tacú le bainistíocht aighneachtaí go hinmheánach i Ranna, beo faoi láthair in dhá Roinn déag.
- Tá ePQ, a bhainistíonn freagraí ar PQanna go hinmheánach, beo i dtrí Roinn déag; rachaidh na Ranna eile beo le linn shos samhraidh 2018.
- Tá Ríomh-Chomhfhreagras, le comhfhreagras a fhaigheann Ranna a bhainistiú, beo in dhá Roinn.
- Tá an córas bainistíochta taifead Ríomhdhoiciméid á chur i bhfeidhm faoi láthair in dhá Roinn le dhá rolladh amach eile sceidealaithe le tosú in R2 2018.
- Tá Ríomh-Shaoráil Faisnéis, le hiarratais ar shaoráil faisnéise a phróiseáil, beo faoi láthair in dhá Roinn
- Tá Coirceog, spás comhoibre don Státseirbhís, inrochtana faoi láthair ag sé Roinn Déag.

Tá clár rollaithe amach leanúnach go maith chun cinn i dtreo na feidhmeanna seo a chur i bhfeidhm ar fud na Ranna eile agus leanfaidh sé ar aghaidh, ar bhonn céimnithe, trí 2018 agus níos faide ar aghaidh.

### *Digiteach ar dTús*

Maidir le ***Digiteach ar dTús***, seirbhísí digiteacha rialtais agus an Straitéis Ríomhsheirbhísí Rialtais, tá Oifig Príomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais fós ag obair leis an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí le glacadh MyGovID agus an Cárta Seirbhísí Rialtas a mhéadú, lena n-áirítear a úsáid ag gníomhaireachtaí Rialtais, agus leis an múnla fíordheimhnithe SAFE a fhorbairt, de réir treoir ó CSMB roimhe seo. Baineann an clár seo le Saoránaigh a chumasú le seirbhísí Rialtais a rochtain ar líne le muinín,

Lainseáladh an chéad leagan de gheata Seirbhísí Rialtais Ar Líne, www.gov.ie, i mí na Nollag 2017.

I gcomhar le hAonad Cumarsáide Straitéisí an Rialtais, leanfar ar aghaidh ag forbairt na seirbhíse, ag úsáid comhairliúchán cuí laistigh de Rialtas agus le páirtithe leasmhara eile, lena n-áirítear an pobal agus/nó a n-ionadaithe. Tá d'aidhm ag an tionscnamh seo an chaoi a bhfaighimid rochtain ar sheirbhísí Rialtais ar líne a shimpliú agus a shruthlíniú agus tugann sé comhéadan iomasach a ghníomhaíonn mar shuíomh simplí comharthaíochta go dtí catalóg de gach seirbhís dhigiteach Rialtais. Forbrófar an Geata thar am trí eisiúintí atriallacha, ag cur tuilleadh faisnéise agus feidhmiúlachta do shaoránaigh agus do ghnólachtaí, le bheith ina ionad ilfhreastail le haghaidh idirghníomhaíochtaí ar líne leis an Rialtas.

### *Sonraí mar Chumasóir*

Maidir le ***Sonraí mar Chumasóir***, leanann Oifig Oifigeach Faisnéise an Rialtais ar aghaidh ag obair leis an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí, na Coimisinéirí Ioncaim, an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, an Phríomh-Oifig Staidrimh agus páirtithe leasmhara eile leis an gcoincheap Bonneagar Náisiúnta Sonraí a fhorbairt, lena n-áirítear roinnt tionscadal treo-aimsitheora a thionscnamh a léireoidh an luach a bhaineann le sonraí ón iliomad foinsí a nascadh. Ar cheann de chuspóirí na hoibre seo beidh comhroinnt níos fearr a éascú agus cumas níos fearr anailísíochta trí aitheantóirí indibhidiúla, gnó agus láithreach. Léireoidh an obair seo conas a d'fhéadfaimis léargas níos fearr agus fianaise a fhorbairt le bheith mar bhonn eolais do dhíospóireacht faoi cheisteanna reatha polasaí, e.g. tithíocht. Tógfaidh sé seo ar rath roinnt tionscadal anailísíochta bunaithe ar shonraí comhroinnte mar Thacar Sonraí Fadaimseartha Cuardaitheora Poist.

### *Rialachas a Fheabhsú*

Maidir le **Rialachas**, tá Oifig Oifigeach Faisnéise an Rialtais ag obair leis na ranna agus gníomhaireachtaí le cur i bhfeidhm Straitéis TFC na Seirbhíse Poiblí a thabhairt chun cinn i spiorad na comhtháthaithe agus na cuimsitheachta. Glacann an Bord Comhairleach maidir le TFC, a thuairiscíonn do Bhord Bainistíochta na Státseirbhíse trí Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais, i seachadadh an Phlean Gníomhaíochta 18 gcéim agus déanann siad maoirseacht air. Chomh maith leis sin, tá Príomh-Oifigeach an Rialtais curtha ar bun le comhphlé agus comhroinnt smaointe a spreagadh idir rialtas lárnach agus áitiúil, FSS, an Garda Síochána agus Oideachas.

### *Cumas Méadaithe*

Le tabhairt faoin gcolún a bhaineann le **Cumas Méadaithe**, tá Straitéis um Phroifisiúnú AD TFC forbartha ag Oifig Príomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais, le tacaíocht ón mBord Comhairleach TFC agus ó Cheannasaí AD na Státseirbhíse. Is é uaillmhian na straitéise seo a chinntiú go bhfuil an meascán ceart scileanna, eolais agus saineolais ar fáil ag an Státseirbhís go hinmheánach le seirbhísí rialtais digiteacha a sheachadadh do shaoránaigh, gnólachtaí agus státseirbhísí. Féadtar an straitéis a úsáid, trí ailíniú le Straitéis AD níos forleithne na Státseirbhíse agus le cleachtas is fearr an tionscadail, leis an gcoincheap tionscnaimh phleanáilte ar phroifisiúnú sa Státseirbhís níos leithne a thástáil, go háirithe maidir le hearcaíocht, bainistiú tallainne, agus forbairt ghairmiúil leanúnach.

### Straitéis ríomhsheirbhísí Rialtais 2017 - 2020

D'fhaomh an Rialtas an **Straitéis ríomhsheirbhísí Rialtais 2017 - 2020** agus foilsíodh í i mí Iúil 2017. Tá taca curtha faoin Straitéis ag gealltanas an Rialtais a bheith oscailte, solúbtha agus comhoibríoch lenár saoránaigh agus gnólachtaí, ag úsáid digitiú agus teicneolaíochta le héifeachtúlacht agus éifeachtacht a mhéadú agus seirbhísí poiblí a fheabhsú gan stad. Glaonn sé amach roinnt príomhphrionsabal a chuirfidh taca faoina fheidhmiú. Ba iad seo: Digiteach mar Réamhshocrú; an prionsabal Uair amháin; Ionchuimsitheacht agus inrochtaineacht; Oscailteacht & trédhearcacht; Trasteorann mar réamhshocrú; Idir-inoibritheacht mar réamhshocrú; agus Iontaofacht & Slándáil.

Forbraíonn an Straitéis na smaointe a ardaíodh ar dtús in Straitéis TFC na Seirbhíse Poiblí 2015 agus ailíníonn a phríomhphrionsabail le Plean Gníomhaíochta ríomhsheirbhísí an Rialtais AE 2016-2020. Tabharfar chun cinn na tosaíochta a leagtar amach sa Straitéis trí 10 bpríomhghníomh a chur i gcrích mar seo a leanas: Forbróimid Geata Seirbhíse Digití; Coinneoimid plean foriomlán le haghaidh Clár Digiteach faoi mhaoirseacht ár nAire ríomhsheirbhísí Rialtais; forbróimid ár gcumas reatha i leith ríomhfhéiniúlacht; forbróimid pleananna comhchosúla le haithint gnólachta agus láithreach a éascú; Feabhsóimid ár gcumas

comhroinnte sonraí; Tabharfaimid isteach reachtaíocht le tacú lenár n-uaillmhianta i leith comhroinnt sonraí; Leanfaimid ar aghaidh ag forbairt ár dtairseach Sonraí Oscailte; Athróimid ó bhun ár "gcúloifig"; Cinnteoimid go bhfuil rialachas cuí i bhfeidhm; agus Cinnteoimid go bhfuil na scileanna agus na cumais ag ár ndaoine le cuidiú linn bogadh chun tosaigh.

Is é Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais an ghníomhaireacht i gceannas, ag obair le roinn agus comhlachtaí ar fud an rialtais, ag tiomáint chun cinn fheidhmiú Straitéis ríomhsheirbhísí an Rialtais ailínithe leis na smaointe a ardaíodh ar dtús in Straitéis TFC na Seirbhíse Poiblí 2015.

## Teagmháil ag Leibhéal AE & Idirnáisiúnta

Le linn 2017, rinn Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais monatóireacht ar fhorbairtí agus rinne ionadaíocht ar Éirinn ag imeachtaí idirnáisiúnta nuair ba chuí. Go háirithe, bhí Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais i dteagmháil le coistí agus meithleacha oibre AE lena n-áirítear: Coiste ISA2 an Choimisiúin Eorpaigh agus grúpaí gaolmhara; agus Bord Stiúrtha an Phlean Gníomhaíochta Eorpaigh um ríomhsheirbhísí Rialtais. Rinn Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais ionadaíocht ar Éirinn ag idirbheartaíocht ag Meitheal Oibre na Comhairle ar Iomaíocht agus Fás maidir le Moladh an Choimisiúin Eorpaigh le haghaidh Rialáil d'Aon Gheata Digiteach Amháin [Com (2017) 256]. Comhaontaíodh Cur Chuige i leith an Mholta ag an gComhairle Iomaíochta ar an 30 Samhain 2017.

In Innéacs nua an Gheilleagair Dhigitigh agus Sochaí an AE, atá ina innéacs ilchodach a choimríonn táscairí ábhartha ar fheidhmíocht digiteach na hEorpa, tá Éire san 8ú háit as measc na 28 mballstát. Leanfaidh teagmháil leis an AE ar aghaidh mar fhócas tábhachtach d'Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais le linn 2018.

## 7. Soláthar Poiblí

### Creata um Sholáthar don Earnáil Phoiblí

In 2017, lean an Oifig um Sholáthar Rialtais (OSR) leis an gClár Athchóirithe Soláthair a stiúradh, i gcomhar lena comhpháirtithe sna hearnálacha Sláinte, Oideachais, Rialtais Áitiúil agus Cosanta. Le linn na bliana, bhunaigh OSR réimse leathan creat agus conarthaí le cuidiú le comhlachtaí sa tseirbhís phoiblí na hearraí agus na seirbhísí is gá le feidhmiú agus le freastal go héifeachtach ar a gcuid cliant a fháil.

Le linn 2017, bunaigh OSR 64 creat breise, 46 conradh shaincheaptha agus breis agus 868 mionchomórtas le cuidiú le comhlachtaí sa tseirbhís phoiblí earraí agus seirbhísí a fháil. Tá breis agus 135 creat ghníomhacha aige anois agus ó 2014 chuir sé i bhfeidhm 1,445 conradh/mionchomórtas arb ionann iad agus luach measta creata/conartha de €13.8 billiún agus caiteachas measta bliantúil de €3.7 billiún.

Le linn 2017 thacaigh an OSR le straitéisí ardleibhéil soláthair agus conarthacha le haghaidh tionscadail ar fud an Rialtais, lena n-áirítear clár um bainistiú tuile OOP, oibreacha comhnaoithe agus oidhreachta OOP, tithíocht mhearthógtha, Ospidéal Náisiúnta na Leanaí, Feabhsúchán oibreacha cruach Haulbowline agus oibreacha uasghrádaithe ar Acomhal Dhún Citil.

Sholáthraigh OSR freisin Geataí Uathoibreacha Rialála Teorann (i gcomhar leis an Roinn Cirt, Rialú Teorann agus Údarás Aerfoirt Bhaile Átha Cliath); mórchonradh seirbhísí dlíthiúla le haghaidh Tusla (22 beart); agus bhí baint aige le soláthar córais chomhroinnte phárolla don earnáil BOO agus don ardán um Fhoghlaim agus Forbairt sa Státseirbhís atá anois á meas. Soláthraíodh Creat chun seirbhísí móibíleacha gutha agus sonraí a chur ar fáil agus seolfar in 2018 iad.

In 2017, bhain an OSR na duaiseanna um sholáthar náisiúnta don Phunann TFC a bhí mar Fhoireann Soláthair na Bliana 2017 agus don Tionscadal Soláthair is Fearr a bhain le Comhoibriú Seachtrach le haghaidh an tionscadail um Mhearthithíocht i gcomhar leis An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, LGMA agus Údaráis Áitiúla Mhórcheantar Átha Cliath.

### *An Tuarascáil ar Chaiteachas sa tSeirbhís Phoiblí agus ar Anailís ar Thairiscintí*

De réir an dualgais atá ar OSR trédhearcacht i gcúrsaí soláthair phoiblí a mhéadú, agus d'fhonn anailísíocht sonraí maidir le caiteachas poiblí ar earraí agus ar sheirbhísí a fheabhsú, sheol an tAire Stáit Seirbhísí Airgeadais Ó Murchú Tuarascáil 2015 ar Chaiteachas sa tSeirbhís Phoiblí agus ar Anailís ar Thairiscintí i mí Mheán Fómhair. Sa tuarascáil, curtha le chéile ag OSR, rinneadh anailís ar luach beagán níos lú ná €4 billiún, nó dhá thrian, den chaiteachas ar sholáthar poiblí in 2015 i raon OSR agus a comhpháirtithe earnála. Bhain 94% den chaiteachas a ndearnadh anailís air le gnólachtaí sa Stát agus bhain an chuid is mó de le fiontair bheaga agus mheánmhéide

### Treoirlínte Leasaithe Soláthair Ghinearálta

Lean an OSR den Chreatpholasaí Náisiúnta um Sholáthar Poiblí a fhorbairt, an creatpholasaí uileghabhálach le haghaidh soláthar phoiblí in Éirinn. Nuair a foilsíodh Na Treoirlíne um Sholáthar Ginearálta Earraí agus Seirbhísíi Mí Iúil is amhlaidh gur forbairt shuntasach a bhí ann sa réimse seo ar aon dul le Cáipéisíocht Teimpléid (RFTanna, Conarthaí agus Clásail Rúndachta) le haghaidh Earraí agus Seirbhísí. Foilsíodh Nótaí Faisnéise freisin ar an gCreatpholasaí Náisiúnta um Sholáthar Poiblí, an Treoir um Lamháltais agus cur i bhfeidhm an mhéid chéanna.

I Mí Iúil rinneadh an Treoir um Lamháltas a aistriú mar dhlí na hÉirean agus leasaíodh na Rialacháin um Leigheasanna ionas go dtabharfaí san áireamh na Treoracha Soláthair nua. Ba iad seo na píosaí deireanacha d'aistriú reachtaíocht an AE um Sholáthar.

### Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara

### *Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide*

Tuigeann an OSR go mbíonn gá le comhairliúchán agus rannpháirtíocht le gach páirtí leasmhar a mbíonn baint acu le soláthar poiblí. Mar chuid den rannpháirtíocht sin agus de réir an Chláir Rialtais, tá an tAire O'Donovan mar chathaoirleach ar an nGrúpa Oibre um Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide atá á

bhainistiú ag an OSR. Tháinig an grúpa le chéile i bhFeabhra, i mBealtaine, i Meán Fómhair agus i Nollaig 2017. Áirítear lena chuid oibre, mar ghrúpa, fochoiste cumarsáid a bhunú chun moltaí a fhorbairt le tuiscint SME-anna ar phróiseas soláthair phoiblí a mhéadú agus an rannphháirtíocht atá acu sa phróiseas a fheabhsú dá réir. Mar thoradh ar an obair seo, tabharfaidh InterTrade Ireland achoimrí bricfeasta mar aon leis an gclár oiliúna dhá lá Go-2-Tender a chuirtear ar fáil do SME-anna i láthair na huaire. Déanfar ócáidí ina mbeidh cur chuige níos dírithe chuig "Meet the Buyer" a fhorbairt in 2018.

Reáchtáil an tAire Stáit Murphy achoimrí réigiúnacha in Ollscoil na hÉireann, Corcaigh, ar an 3 Feabhra, i nGaillimh ar an 24 Feabhra agus ar an 26 Bealtaine i Muinchille agus i nDún Dealgan. Reáchtáil an tAire Stáit O'Donovan an chéad achoimre réigiúnda soláthair dá chuid i Luimneach ar an 11 Iúil. Eagraíodh na hachoimri seo chun an réasúnaíocht taobh thiar den chlár um leasú soláthair a mhíniú, na bearta atá i bhfeidhm le tacú le rochtain ar Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide agus le héisteacht le hábhair imní ar bith, agus chuidigh sé sin le an tsamhail um leasú soláthair a cheapadh agus a bheachtú. De réir an tsoláthair sa Chlár Rialtais, thug an OSR faoi athbhreithniú seachtrach ar an tSeirbhís um Chomhairliúcháin Soláthair in 2017.

### *Ceannaitheoirí agus Soláthróirí*

Is minic a thagann an OSR le chéile le ceannaitheoirí agus soláthróirí trína rannpháirtíocht in imeachtaí áirithe ar fud na tíre. In 2017, áiríodh leo siúd an ócáid Procurex Ireland ag an RDS, ar fhreastail 600 ceannaitheoir uirthi (ón earnáil phoiblí agus phríobháideach), TenderCon, Taking Care of Business, An Cruinniú Mullaigh um Sholáthar Oideachais de chuid an Údaráis um Ard-Oideachas, ócáidí de chuid na hearnála tithíochta, agus roinnt mhaith ócáidí áitiúla eile lena n-áirítear seisiúin oiliúna curtha ar fáil an Oifigí Fiontair Áitiúil. D'eagraigh an OSR fosta ócáid Cumarsáide de chuid an Rialtais Láir, a bhí ann i Mí Mhárta, agus ar fhreastail sealbhóirí buiséid agus oifigigh airgeadais air chomh maith dul chun cinn soláthair agus clúdaigh go dtí seo, an réimse reatha socruithe agus athbhreithniú ar róil agus ar fhreagrachtaí sa phróiseas soláthair. Is deis iad na hócáidí seo don OSR eolas praiticiúil agus comhairle a thabhairt do cheannaitheoirí agus do sholáthróirí faoi na socruithe láir atá á gcur i bhfeidhm, faoin dóigh le hardán náisiúnta soláthair an rialtais, is é sin eTenders a úsáid, faoi rialacha soláthair agus faoi dheiseanna atá ag teacht.

Forbraíodh straitéis níos leithne cumarsáide le haghaidh an OSR in 2017 a sheolfar agus a chuirfear i bhfeidhm ó go luath in 2018 ar aghaidh. Is í is aidhm leis an straitéis ná rannpháirtíocht sa bhreis a chur chun cinn ó sholáthróirí agus ó chliaint chomh maith le feasacht phoiblí a ardú maidir le luach soláthair straitéisigh. Áireofar le gníomhaíocht luath ná forbairt bróisiúr atá dírithe ar an earnáil chun glacadh le socruithe OSR a mholadh ina bhfuil teachtaireachtaí tábhachtacha maidir le pleanáil chun tosaigh agus rannpháirtíocht luath.

Tógann an straitéis chumarsáide ar thaifead láidir de chumarsáidí seachtracha. Déanann an OSR ionadaíocht ar son na hÉireann ag leibhéal idirnáisiúnta lena n-áirítear Coimisiún an Aontais Eorpaigh agus Grúpa Oibre na Comhairle, agus ag an ECFE.

### *Cliaint san Earnáil Phoiblí*

Leanann Bainisteoirí Príomhchuntas (KAMS) de bheith rannpháirteach ar bhonn rialta le cliaint san earnáil phoiblí chun tuiscint ar agus rannpháirtíocht i réitigh soláthair láir agus chun tacú le cleachtais straitéiseacha soláthair a fhorbairt. Lean Deasc Chabhrach na Rannóige Seirbhíse do Chustaiméirí de bheith i dteagmháil go díreach le cliaint san earnáil phoiblí agus le soláthróirí le linn 2017 agus bhainistigh breis agus 11,000 ceist, méadú de bhreis agus 10% ón mbliain roimhe, a léirigh teagmháil mhéadaithe leis na cliaint.

Eisíodh nuachtlitreacha gach ráite chuig páirtithe leasmhara i rith 2017. Foilsítear sceidil de shocruithe reatha agus de shocruithe atá le teacht ar líne gach ráithe agus déantar iad a nuashonrú leathbhealaigh fríd an ráithe. Is é @procurement.ie an cuntas Twitter atá ag an OSR agus mar chuid den straitéis chumarsáide beidh sé ag leathnú amach chui cainéil eile sna meáin shóisialta.

## Úsáid sa bhreis a bhaint as Teicneolaíocht Dhigiteach

I Samhain d'fhógair na h-airí Donohue agus O'Donovan straitéis an Rialtais chun úsáid sa bhreis a bhaint as teicneolaíocht dhigiteach le tionscadail na hoibreacha poiblí atá maoinithe tríd an gclár um chaipitil phoiblí a sholáthar. Rinneadh an fógra seo i ndiaidh próisis mhóir chomhairliúcháin ag an gCoiste Conarthaí Rialtais le haghaidh Foirgníochta (GCCC) le comhlachtaí poiblí a raibh baint acu leis an gclár caipitil a sholáthar agus le comhairliúchán ar fud an tionscadail ar bhonn páipéis seasaimh a foilsíodh i Márta 2017. Mar gheall ar an straitéis bunóidh comhlachtaí poiblí riachtanais chun úsáid Samhlú Faisnéise Foirgníochta (BIM) i ndearadh, i dtógáil agus in oibriú foirgneamh agus bonneagar poiblí ar bhonn céimniúil snas 4 bliana atá amach romhainn, agus tosóidh sé le tionscadail níos mó agus níos casta, agus tá siad siú atá ag feidhmiú ar an scála sin ag oibriú tríd BIM cheana féin.

I míonna tosaigh an Chláir fostaíodh 2 bhall foirne sa bhreise agus bhí rannphpáirtíocht le príomhpháirtithe leasmhara laistigh de chomhpháirtithe earnála an OSR chun rialachas, ionadaíocht earnála a bhunú agus le feasacht a thógáil i gcomhthéacs agus i gcuspóirí an Chláir laistigh den Earnáil Phoiblí.

### *Clár um Shonrascú Leictreonach*

Is í is aidhmleis an gClár um Shonrascú Leictreonach na oibleagáidí atá sa Treoir um Shonrascú Leictreonach na hEorpa (2014/55/AE) a chur in iúl agus chun Comhlachtaí Poiblí a éascú agus a chumasú chun comhlíonadh leis an Treoir a baint amach. Ceapadh Ceannaire ar Shonrascú Leictreonach in Aibreán 2017 agus bhuail an fhoireann um Shonrascú leictreonach le páirtithe leasmhara agus le fóraim agus rinneadh cur i láthair daoibh, lena n-áirítear ionadaithe soláthair, airgeadais agus TF laistigh de gach ceann de na hearnálacha ar fad, agus leis an ngrúpa oibre um Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide. D'éascaigh an fhoireann freisin roinnt Oibreoirí Eacnamaíochta Éireannacha chun iarratais a chur isteach le haghaidh maoiniú ón Eoraip (CEF 2017) le haghaidh oibreacha a bhain le sonrascú leictreonach agus atá ag teacht leis an gcur chuige náisiúnta.

Bunaíodh ábhair faisnéise aitheantais Sonrascú Leictreonach na hÉireann trí chainéil ar líne i Mí na Nollag agus tá céimeanna tosaigh glactha chun réitigh um shonrascú leictreonach atá ar fáil ó thaobh na tráchtála de ionas gur féidir le comhlachtaí poiblí comhlíonadh a bhaint amach.

Tá Éire anois mar chuid de phobal Eorpach soláthair leictreonaigh a chuireann le forbairtí agus le treoir an tSoláthair Leictreonaigh ar fud na hEorpa. Déantar ionadaíocht thar ceann an OSR ag an gCoimsiún Eorpach laistigh den Fhóram um Iol-Pháirtithe Leasmhara na hEorpa ar Shonrascú Leictreonach, a roinneann eispéiris maidir le polasaí um shonrascú leictreonach, soláthar leictreonach agus cinntí agus torthaí maidir le cur i bhfeidhm.

### Foireann Tacaíochta

In 2017, ceapadh Bainisteoir Acmhainní Daonna san Oifig um Sholáthar Rialtais, agus tháinig deireadh leis an riachtanas ar Aonad Straitéise Acmhainní Daonna an DPER a gcuid feidhmeanna acmhainní daonna a bhainistiú dá bharr. Le go dtarlódh sé ag an am céanna le seoladh *Straitéis Daoine le haghaidh na Státseirbhíse 2017-2020,* eagraíodh seisiúin rannpháirtíochta fostaithe i ngach suíomh de chuid an OSR le forbairt le Straitéis Daoine le haghaidh ORSa thacú.

I rith na bliana, glacadh breis agus tríocha ball foirne ar bord agus tá ardú céime tugtha don sheachtar is fiche ball foirne. Bhainistigh an OSR roinnt príomhfheachtas earcaíochta, lena n-áirítear roinnt comórtas oscailte le foireann a aimsiú thar an iliomad leibhéal agus comórtas inmheánach le haghaidh Bainisteoirí Príomhchuntas. Mar chuid dá chlár um Fhreagracht Shóisialta Chorparáideach (CSR), thug sé faoi shraith d'agallaimh bhréagacha le haghaidh cuardaitheoirí post faoin scéim fostaíochta pobail "Jobcare".

In 2017, sholáthraigh an tAonad L&D, réimse agus doimhneacht de thionsnaimh foghlama agus forbartha chuig an OSR ar fud na heagraíochta, lena n-áirítear Seisiúin Muiníne Pearsnta duine le duine, scéim um Fheasacht san Ionad Oibre agus roinnt clár oiliúna OneLearning. Tá polasaí cuimsitheach breisoideachais ag an OSR freisin le tacú le foireann atá ag tabhairt faoi chláir acadúla tríú leibhéal i réimse de dhisciplíní lena n-áirítear soláthar poiblí, Acmhainní Daonna, bainistíocht phoiblí agus anailísíocht sonraí. Le ceiliúradh a dhéanamh ar ghnóthachtáil acadúil tríd an eagraíocht, eagraíodh an chéad Ócáid chun Gnóthachtáil Oideachais a Aithint in Ionad Cuairteoirí i dTeach an Chustaim. Ócáid thábhachtach aitheantais ba ea, agus tugtar meicníocht ann inar féidir leis an eagraíocht gnóthachtáil acadúil fostaithe a aithint.

# 8. Seirbhísí Comhroinnte

## An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte

Bunaíodh an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (ONSC) in 2014 mar Roinn de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Ritheadh an reachtaíocht chun é a bhunú mar Oifig Sceidealaithe faoi choimirce na Roinne in 2017 agus tháinig sé in éifeacht ar an 1 Eanáir 2018. Tá an ONSC chun tosaigh maidir leis an straitéis um Sheirbhísí Comhroinnte agus maidir le cur i bhfeidhm seirbhísí comhroinnte sa státseirbhís. Agus é freagrach go díreach sa seirbhísí comhroinnte gnó a sholáthar sa státseirbhís, tugannn sé saintreoir agus tacaíocht d'earnálacha eile sa tseirbhís phoiblí agus a ngealltanais um sheirbhísí comhroinnte a chur chun tosaigh.

## Seirbhísí Comhroinnte sa Státseirbhís

Le linn 2017, lean an Oifig um Sheirbhísí Comhroinnte Náisiúnta ar aghaidh ag cur ar fáil seirbhísí comhroinnte AD agus pinsin, thug siad chun tosaigh rolladh amach seirbhísí comhroinnte párolla, agus thug siad chun cinn an tionscadal le seirbhísí comhroinnte bainistíochta airgeadais.

Déanann an tIonad Seirbhíse Comhroinnte AD agus Riaracháin Pinsin, Pointe Daoine, lonnaithe i mBaile Átha Cliatha, toilleadh ard gníomhaíochtaí riaracháin a bhainistiú, ag cur ar fáil seirbhísí éagsúla AD agus riaracháin pinsin do chustaiméirí, lena n-áirítear riarachán maidir le saoire, neamhláithreacht, pinsean agus pá. Tá 34,800 Státseirbhíseach ó 39 gComhlacht Seirbhíse Poiblí ag a seirbhísí AD agus riaracháin pinsin ó Phointe Daoine.

Tá an tIonad Seirbhísí Comhroinnte Párolla lonnaithe i dtrí láthair; Gaillimh, Cill Airne agus Tulach Mhór. Cuireann sé ar fáil riarachán párolla, taistil agus costas do 124,500 íocaí ar fud 52 eagraíocht, lena n-áirítear 60,000 atá ar scor. Rinne an t-ionad €4.2 billiún d'íocaíochtaí párolla agus pinsin in 2017.

I measc príomhéachtaí in 2017 bhí:

- Tá beagnach 125,000 custaiméir ag an Oifig um Sheirbhísí Comhroinnte Náisiúnta, i raon leathan eagraíochtaí seirbhíse poiblí;
- Cur i gcrích an tionscadail Seirbhísí Comhroinnte Párolla – tá 52 eagraíocht aistrithe go hiomlán isteach san Ionad Seirbhísí Comhroinnte Párolla;
- Dul chun cinn déanta sa Tionscadal Seirbhísí Comhroinnte Bainistíochta Airgeadais, le bainisteoirí tionscadail Thonn 1 ag obair i dtreo aistriú isteach i Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais in 2018;
- Aonad Iniúchta Inmheánaigh agus poist shinsearacha eile a chur ar bun, le tacú le bainistíocht an Oifig um Sheirbhísí Comhroinnte Náisiúnta;
- Foireann um Uathoibriú Próisis Róbaitice a chur ar bun, le héifeachtúlachtaí a mhéadú taobh istigh den Oifig um Sheirbhísí Comhroinnte Náisiúnta; agus
- Moladh go hard Pointe Daoine sna Gradaim um Bainistíocht Ionad Teagmhála as ucht a gcuid oibre ag forbairt múnla seirbhísí comhroinnte éifeachtúil agus éifeachtach.

## Seirbhísí Comhroinnte Bainistíochta Airgeadais

Tá Seirbhísí Comhroinnte Bainistíochta Airgeadais don Státseirbhís á dtabhairt isteach. Tiocfaidh seo in áit 31 chóras airgeadais reatha ar fud ranna agus oifigí Rialtais agus éascóidh sé modh leanúnach le haghaidh próiseáil idirbheart. Úsáidfidh an t-ionad nua, atá sceidealaithe le tosú ag cur ar fáil seirbhísí riaracháin airgeadais in 2018, teicneolaíocht chomónta agus modhanna oibre caighdeánaithe le croísheirbhísí bainistithe airgeadais do 48 eagraíocht Rialtais. Táthar ag tnúth leis laghdú inbhuanaithe a chur ar fáil i gcostas bliantúil airgeadais dar luach timpeall €15.4m. Bainfear seo amach trí laghdú sa chostas ar thacaíocht do theicneolaíocht airgeadais agus laghdú i líon na ndaoine comhionann le 145 coibhéiseach lánaimseartha ag teastáil le seirbhísí próiseála bainistíochta airgeadais.

Cuirfidh Seirbhísí Comhroinnte Bainistíochta Airgeadais méid suntasach leis an démhandáid a chomhlíonadh, caiteachas a bhainistiú agus an chaoi a gcuirimid seirbhísí i gcrích a athrú ó bhonn. Cuirfidh an tIonad i gcrích feabhsuithe inbhraite ar fáil in éifeachtúlacht agus éifeachtacht fheidhm airgeadais lárnach an Rialtais. Áirítear leis seo próiseáil idirbhearta airgeadais mar íocaíocht sonrasc, próiseáil admhálacha, cuntasaíocht sócmhainní seasta, chomh maith leis na cuntais ghinearálta mhórleabhair agus leithghabhála arna iniúchadh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

### Seirbhísí Comhroinnte agus Earnálacha Seirbhíse Poiblí

Tá ról ceannaireachta ag an Oifig um Sheirbhísí Comhroinnte Náisiúnta chomh maith, ag tacú leis na príomh-Earnálacha Poiblí Oideachas agus Scileanna, Sláinte agus Rialtas Áitiúil agus iad ag cur ar aghaidh a bpleananna Seirbhísí Comhroinnte faoi leith. Tá tionscadail Seirbhísí Comhroinnte á dtabhairt chun cinn i gach réimse, de réir a bpleananna Seirbhísí Comhroinnte faoi leith.

Tháinig an Líonra Ceannairí Earnála, ina bhfuil baill shinsearacha na gceithre earnáil den tseirbhís phoiblí, le chéile roinnt uaireanta in 2017, ag obair le chéile le seachadadh seirbhísí comhroinnte a fheabhsú sa tseirbhís phoiblí. I nDeireadh Fómhair 2017 d'eagraigh an líonra an chéad chomhdháil ar Sheirbhísí Comhroinnte i Seirbhísí Poiblí na hÉireann. D'fhreastail 230 duine ag obair i seirbhísí comhroinnte sa tseirbhís phoiblí air seo.

Cuireadh Seirbhísí Gnó Sláinte ar bun in 2014 leis na seirbhísí a cuireadh ar fáil roimhe seo faoi sheanstruchtúr na mBord Sláinte a nua-aoisiú mar struchtúr seirbhísí comhroinnte ilfheidhme náisiúnta san earnáil Sláinte. Ag feidhmiú laistigh de struchtúr láidir rialachais, i bpunann seirbhíse Seirbhísí Gnó Sláinte tá Eastáit, Soláthar agus Seirbhísí Pleanála Acmhainní Fiontraíochta taobh le míreanna idirbheartaíochta Airgeadais agus Acmhainní Daonna. Tá Seirbhísí Gnó Sláinte ag scóipeáil faoi láthair clár suntasach oibre a thiomáinfidh chun cinn córas náisiúnta AD agus córas párolla caighdeánach a thabhairt isteach agus a éascóidh roinnt láithreacha oibriúcháin párolla agus AD atá suite ar fud na tíre.

Tá cur i bhfeidhm an tionscadal Mo Phá, Seirbhís Chomhroinnte Párolla agus Aoisliúntais don Rialtas Áitiúil, ag dul chun cinn. Tá níos mó ná 25 údarás áitiúla, chomh maith leis an nGníomhaireacht Bhainistíochta Rialtais Áitiúil, beo san Ionad Seirbhísí Comhroinnte Mo Phá.

Tá roinnt tionscadal seirbhísí comhroinnte ag an earnáil Oideachais agus Scileanna pleanáilte nó ar siúl, lena n-áirítear:

- Seirbhísí Comhroinnte Bainistíochta Airgeadais agus Párolla do na Boird Oideachais agus Oiliúna.
- Seirbhísí Comhroinnte Párolla ag freastal ar 60,000 íocaí san earnáil Ardoideachais.
- Tacaíonn an earnáil seo freisin le tionscnaimh reatha mar thionscadal bonneagair TFC SUSI.

## 9. Ag Tacú lenár mBaill Foirne le Cuidiú leo a Misean a Bhaint Amach

Tá an tAonad Straitéis AD freagrach as forbairt agus seachadadh Straitéis AD na Roinne agus as raon leatha seirbhísí AD a sholáthar. Tá an tAonad ina phríomhchumasóir a ligeann don Roinn a bpríomhchuspóirí caiteachais agus athchóirithe a chur i gcrích trína chinntiú go déanann baill foirne cion chomh héifeachtach agus is féidir agus go bhfuil na scileanna agus an t-eolas acu is gá leis na héilimh seo a chomhlíonadh.

In 2017 lainseálamar á straitéis People@PER 2017-2020 Tá an straitéis seo bunaithe ar roinnt prionsabal, agus creatlach le rolladh amach tionscnamh dírithe ar dhaoine a threorú, ag tacú le cuspóirí na roinne a bhaint amach agus tionchar dearfach a imirt ar ár gcultúr eagraíochtúil as seo amach.

Ba é an cur chuige a bhí againn i leith an straitéis a fhorbairt ná fiafraí, ailíniú agus cur i bhfeidhm. Rolladh amach próiseas comhairliúcháin agus teagmhála i dtús 2017 trí ghlao le haghaidh gnímh, ceardlanna

bunaithe ar an bhformáid caifé comhrá agus seisiúin ardaithe feasachta. Lig seo dúinn príomhtheachtaireachtaí agus téamaí straitéiseacha a bhunú. Rinneadh na téamaí seo a ailíniú ansin le Ráiteas Straitéis na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe 2016-2019, Clár Oibre Athnuachana na Státseirbhíse agus Straitéis AD na Státseirbhíse 2017-2020.

Aithníodh roinnt de na tionscnaimh seo le ligean dúinn na príomhchuspóirí straitéiseacha a chur i gcrích mar a leagtar amach sa straitéis: ár bhfís a bhaineann heagraíocht ardfheidhmíochta a bhaint amach le lucht oibre gníomhach agus ionchuimsitheach. Táimid faoi láthair ag rolladh amach roinnt de na tionscnaimh seo. Ceann de na príomhchuspóirí straitéiseacha seo a aithnítear sa straitéis People@PER is ea 'luach a chur ar an ilchineálacht agus tacú le lucht oibre ionchuimsitheacht'. Ghlac an Roinn go réamhghníomhach leis an ilchineálacht in 2017 agus rolladh amach roinnt de na gníomhaíochtaí seo leis aitheantas na hilchineálachta a leabú ar fud na heagraíochta. Cuireadh grúpa le haghaidh dearcthaí ar bun freisin leis an gclár oibre a bhaineann le hinchineálacht agus ionchuimsitheacht a thabhairt chun cinn ar fud na roinne. Ag machnamh ar ár ndualgas seirbhíse poiblí, clúdóidh ár n-obair sa réimse seo chomh maith an riachtanas san Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014 faoi Alt 42 (1).

In 2017 ceapadh Bainisteoirí AD i róil san Oifig um Sholáthar Rialtais agus an Oifig um Sheirbhísí Comhroinnte Náisiúnta, ag cur deireadh leis an ngá le hAonad AD na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a bhfeidhmeanna AD a bhainistiú.

### *Páirtíocht Ghnó AD*

Leanadh ar aghaidh ag leabú fheidhm na páirtíochta gnó a thuilleadh ar fud na Roinne in 2016, á socrú féin mar sheirbhís comhairliúcháin/chomhairleach d'ardbhainisteoirí agus do bhaill foirne le sinn a úsáid de réir mar is gá. Páirtíocht le rannóga le tacú le hathrú agus lena thiomáint.

Tá cur chuige straitéiseach i leith leithroinnt acmhainní foirne fós á leabú ar fud na Roinne lena chinntiú go n-ailínítear acmhainní le tosaíochtaí gnó. Tagann an Grúpa Pleanála Luchta Oibre le chéile fós ar bhonn rialta le hathbhreithniú agus machnamh a dhéanamh ar fhorbairtí / tionscnaimh nua maidir le polasaí AD.

Chomh maith le tacú le rannóga trí Cheardlanna Pleanála Gnó bliantúla a éascú, thacaigh na comhpháirtithe gnó chomh maith le hearcú agus socrú 100 ball foirne sa Roinn agus d'oibrigh go dlúth le bainisteoirí IGEES ar fheachtais earcaíochta shaincheaptha i rith na bliana.

Bainistíonn an tAonad chomh maith líon mór cásanna AD agus fiosruithe casta. Dírítear fós ar chaidrimh sheasmhacha thionsclaíocha a choinneáil trí mheicníocht fhoirmiúil Chomhairle na Roinne agus trí theagmháil leanúnach le hionadaithe ó thaobh na foirne.

### *Oibríochtaí AD*

Imríonn an fheidhm earcaíochta agus roghnaithe ról tábhachtach fós ag tacú leis an Roinn clár athchóirithe dúshlánach a chur i gcrích. -Tá coinneáil fós ag tabhairt dúshláin agus in 2017 d'earcaigh an tAonad 100 ball foirne agus bhainistigh sé 90 ball foirne ag imeacht, a raibh 35% díobh ag imeacht mar gheall ar ardú céime.

Aithnítear clár ionduchtúcháin na roinne a bheith tábhachtach, go háirithe d'earcaithe nua sa státseirbhís agus bhí 7 seisiún ar siúl in 2017. Bhí chomh maith seisiún AO IGEE amháin ann. D'éirigh go maith le feabhsú ar an gClár Ionduchtúcháin a tugadh isteach anuraidh agus fuarthas aiseolas maith ina leith.

### *Forbairt Eagraíochtúil*

Leagann an Straitéis Foghlama agus Forbartha AD AMHÁIN 2015-2017 amach fhís foghlama agus forbartha, mhisean agus spriocanna na Roinne agus tá sé fós á chur i bhfeidhm. Ghlac 393 ball foirne páirt i dtionscnamh foirmiúil foghlama agus forbartha amháin nó níos mó in 2017 le 1,744 lá oiliúna fhoirmiúla ar fad ann taifeadta, le 4.4 lá oiliúna ann ar an meán. Is ionann seo agus 33% de mhéadú ó tionscnaíodh an Straitéis in 2015. Sholáthair an Straitéis an léibheann le haghaidh foghlaim agus forbairt eagraíochtúil ar fud na Roinne agus bhí sé ríthábhachtach ag leabú cultúr agus dearcadh foghlama leanúnaí. Bronnadh

'Straitéis Foghlama & Forbartha' is fearr air ag Gradaim Cheannaireachta agus Bhainistíochta AD na hÉireann HR 2017 agus bhí sé sa bhabhta ceannais i nGradaim Feabhais AD na Ríochta Aontaithe 2017.

Bhí na hidirghabhálacha foghlama agus forbartha go léir comhlánaithe ag Scéim Oideachais Iar-Iontrála ag tacú le 23 bhall foirne ag dul do chláir acadúla i ndisciplíní éagsúla lena n-áirítear airgeadas, AD, anailís polasaí, léann an dlí, córais faisnéise agus bainistíocht phoiblí. Is príomhpháirt den oiliúint foirne agus a bproifisiúnú é an fhorbairt ghairmiúil leanúnach (FGL). Éascaíodh FGL i ngach rannóg den Roinn le freastal ar sheimineáir, comhdhálacha, cláir ghairide oiliúna phoiblí agus suibscríbhinn do chomhlachtaí gairmiúla a chlúdach.

## Bainistíocht Chorparáideach

Lean Oifig Chorparáideach na Roinne ar aghaidh ag cur ar fáil tacaíocht chorparáideach don Ard-Rúnaí, an Bord Bainistíochta agus an Roinn níos ginearálta lena n-áirítear riarachán agus próiseáil Ceisteanna Parlaiminte, Iarratais Cosanta Sonraí, Ionstraimí Reachtúla, Meamraim Ríomhsheirbhísí Comh-Aireachta. Comhordaigh sé freisin cur chuige na Roinne i leith an rialachais, bainistíochta riosca agus na creatlaí comhlíontachta.

I measc príomh-aschuir in 2017 bhí:

- Ullmhú Plean Gnó do 2017 agus 2018 na Roinne An Tuarascáil Bhliantúil do 2016;
- Comhordú bhainistíocht leibhéil rioscaí an aonaid ardleibhéil straitéisigh agus gnó sa Roinn agus an ionchuir sa Mheasúnú Riosca Náisiúnta déanta ag Roinne an Taoisigh;
- Nuashonrú Pholasaí agus Nósanna Imeachta Soláthair Inmheánaigh na Roinne le léiriú a dhéanamh ar fhoilsiú treoirlínte nua soláthair phoiblí earraí agus seirbhísí i mí Iúil ag an Oifig um Sholáthar Rialtais;
- Nuashonrú Creatlach Rialachais an Rialtais de chuid na Roinne. Comhthreomhar leis sin, forbraíodh Creatlach Rialtais maidir le seachadadh agus forbairt TFC don Roinn le hOifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais; agus
- Forbairt cur chuige córasach i leith Bainistíocht Eolais don Roinn. Bhí taca curtha faoi seo ag:
    - forbairt agus cur i bhfeidhm Treoirlínte Polasaí Chorparáidigh le tacú le forbairt, faomhadh, cothabháil agus athbhreithniú polasaithe corparáideacha, go háirithe i réimsí an Rialachais Chorparáidigh agus AD;
    - forbairt treoirlínte bainistíochta faisnéise ag leagan amach conas is cóir príomhstóir d'fhaisnéis don Roinn a bhainistiú; agus
    - obair i gcomhar le hOifig na Meán agus ionadaithe rannóige le hinlíon na Roinne a athbhreithniú agus a athrú ó bhonn go mol nascleanúna "ilfhreastail" le príomhfhaisnéis agus príomhábhair thacaíochta na Roinne a rochtain.

Cuireadh Aonad Airgeadais nua ar bun leis na socruithe airgeadais a bhainistiú don Roinn lena n-áirítear: Ullmhú do na Cuntais Leithghabhála; Meastacháin bhliantúla na Roinne a chruthú; Tacaíocht ghnó agus comhairle a sholáthar do rannóga na Roinne; Rialachas airgeadais, comhlíonadh agus nósanna imeachta a fheabhsú; agus an Roinn a threorú agus a ullmhú in aistriú go Seirbhísí Comhroinnte Bainistíochta Airgeadais.

## Urrús a thabhairt don Ard-Rúnaí: Iniúchadh AE agus Inmheánach

Tugann an tAonad Iniúchta AE agus Inmheánaigh seirbhís iniúchta inmheánaigh don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus don Roinn Airgeadais agus is é Údarás Iniúchta Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa d'Éirinn mar a éilíonn rialúcháin an Aontais Eorpaigh.

Chuir an tAonad Iniúchta i gcrích seacht n-iniúchadh inmheánacha don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir lena Chlár Iniúchtaí 2017. De thoradh orthu seo bhí moltaí ann le gnéithe éagsúla ríthábhachtach don ghnó i bpróisis na Roinne Chomh maith leis sin, thug an tAonad Iniúchta tacaíocht shuntasach don Oifig Seirbhísí Comhroinnte Náisiúnta i bhforbairt agus maoirseacht réimeas láidir leitheadach urrúis i gcláir sheirbhísí comhroinnte, go príomha ag baint leis na Seirbhísí a bhaineann le hAcmhainní Daonna (Pointe Daoine) agus Párolla. Mar chuid dá chomhaontú maidir le hiniúchadh inmheánach seirbhíse comhroinnte leis an Roinn Airgeadais, chuir an tAonad Iniúchta i gcrích cúig

iniúchadh inmheánacha maidir lena Chlár Iniúchtaí 2017 agus thuairiscigh sé torthaí do Choiste Iniúchta na Roinne.

### Oifig an Phríomh-Oifigigh Leighis

Chuir an Príomh-Oifigeach Leighis seirbhís leighis ceirde éifeachtúil agus éifeachtach ó thaobh costais chomh maith le comhairle ar pholasaí maidir le cúrsaí sláinte ceirde don Státseirbhís agus don tSeirbhís Phoiblí le linn 2017. Bhí rannpháirtíocht leitheadach ag an bPríomh-Oifigeach Leighis i nuashonruithe ar na próisis reatha maidir le saoire bhreoiteachta/pá le linn tinneas criticiúil/cumas, chomh maith le cuidiú leanúnach a sholáthar don Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát agus don Oifig um Sholáthar Rialtais

D'fhoilsigh an Príomh-Oifigeach Leighis athbhreithniú ar Atreoraithe Saoire Breoiteachta 2014-2016 a fuair amach go bhfuil beagnach gach cás a atreoraíodh chuig Oifig an Phríomh-Oifig Leighis, le leanúint 2 bhliain, réitithe. D'uasghrádaigh sé chomh maith a shuíomh gréasáin le limistéar logála isteach a chuidíonn le AD agus bainisteoirí áitiúla le saincheisteanna sláinte agus oibre. Foilsíodh caighdeáin nuashonraithe maidir le Corpacmhainn Leighis Earcaithe Oifigeach Príosúin.